# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2022

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Eacnamaíocht Bhaile – Eolaíoch agus Sóisialta

## Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

# Eacnamaíocht Bhaile – Eolaíoch agus Sóisialta

## Gnáthleibhéal

## Scéim Mharcála

*Treoracha d'iarrthóirí:*

**Roinn A** 30 marc
Freagair **cúig** cheist ar bith sa roinn seo.
Tá 6 mharc ag gabháil le gach ceist.

**Roinn B** 130 marc
Freagair **Ceist 1** agus ceist **amháin** as ceisteanna 2, 3, 4 agus 5.
Tá 80 marc ag gabháil le Ceist 1.
Tá 50 marc an ceann ag gabháil le ceisteanna 2, 3, 4 agus 5.

**Roinn C** 40 nó 80 marc
Freagair ceist **amháin** ar ábhar roghnach nó Ceist 4 (croí-ábhar), ar a n-áirítear **cuid (a)** agus **cuid (b) nó (c).**
Má chuir tú isteach obair chúrsa i d*Teicstílí, Faisean agus Dearadh* le haghaidh an scrúdaithe, ní cheadaítear duit ach Ceist 2 as an roinn seo a fhreagairt.

*Agus na scéimeanna marcála á bhforbairt, ba chóir an méid seo a leanas a thabhairt faoi deara:*

- *In go leor cásanna ní thugtar ach príomhfhrásaí ina bhfuil faisnéis agus smaointe a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra chun na marcanna sannta a thuilleamh.*
- *Níl na tuairiscí, modhanna ná sainmhínithe a thugtar sa scéim uileghabhálach agus is féidir glacadh le freagraí malartacha bailí eile. Más rud é go bhfuil tú neamhchinnte faoi bhailíocht freagra mhalartaigh, téigh i gcomhairle le do scrúdaitheoir comhairleach.*
- *Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar. D'fhéadfadh riachtanais agus leithdháileadh na marcanna athrú ó bhliain go bliain, dá réir sin.*
- *Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt.*

**Tabla na nGrád - 240/200**

| Grád | Ábhar Roghnach 1, 3 agus C4 | Ábhar Roghnach 2 |
|---|---|---|
| **1** | 216 - 240 | 180 -200 |
| **2** | 192 - 215 | 160-179 |
| **3** | 168 - 191 | 140-159 |
| **4** | 144 -167 | 120-139 |
| **5** | 120-143 | 100 -119 |
| **6** | 96 - 119 | 80 - 99 |
| **7** | 72 - 95 | 60 -79 |
| **8** | < 71 | < 59 |

**Nótaí mínithe - Eacnamaíocht Bhaile 2022**

Ba cheart na marcanna a bhfuil nóta miniate ag gabháil leo a chur gar don fhreagra ceart/leathcheart. Thig le dathanna na nótaí mínithe bheith éagsúil óna chéile.

| Nóta mínithe | Míniúchán |
|---|---|
| 0 | Náid bronnta |
| ✓ 1 | Marc **amháin** bronnta |
| ✓ 2 | **Dhá** mharc bronnta |
| ✓ 3 | **Trí** mharc bronnta |
| ✓ 4 | **Ceithre** mharc bronnta |
| ✓ 5 | **Cúig** mharc bronnta |
| ✓ 6 | **Sé** mharc bronnta |
| ✓ 7 | **Seacht** marc bronnta |
| ✓ 8 | **Ocht** marc bronnta |
| ⦚ | Leathanach Bán |
| F | Marcanna iomlána bronnta don phointe breise |
| P | Cuid de marcanna bronnta don phointe breise |
| < | Pointe/obair nach ndearnadh iarracht air/uirthi |
| A | Marc lascaine |
| P1 | Bain marc **amháin** |

| | |
|---|---|
| P2 | Bain **dhá** mharc |
| P3 | Bain **trí** mharc |
| P4 | Bain **ceithre** mharc |
| P5 | Bain **cúig** mharc |
| P6 | Bain **sé** mharc |
| P7 | Bain **seacht** marc |
| P8 | Bain **ocht** marc |
| P9 | Bain **naoi** marc |
| P10 | Bain **deich** marc |
| MMS | Scéim mharcála athraithe |

Ní mór d'iarrthóirí ceist amháin a fhreagairt i Roinn C. Baineann ceist C2 leis an ábhar roghnach *Teicstílí, Faisean agus Dearadh.* Sa chás go bhfreagraíonn iarrthóir C2 agus ceist eile as C1, C3 nó C4, cuireann an scrúdaitheoir marc lascaine i bhfeidhm sa chaoi nach n-áirítear ach an marc is airde. Baintear leas as nóta mínithe A le cur in iúl go bhfuil marc lascaine á chur i bhfeidhm. Mar shampla, chun -23 a chur i bhfeidhm mar mharc lascaine, d'úsáidfeadh scrúdaitheoir A, P10, P10, P3 chun -10, -10 agus -3 a chur i bhfeidhm, is é sin -23 san iomlán.

**Roinn A**

Freagair **cuig** cheist ar bith as an roinn seo.
Tá 6 mharc ag gabháil le gach ceist.

**1.** Cuir in iúl le tic **(✓)** cé acu fíor nó bréagach atá **gach** ceann de na ráitis seo a leanas.

**3 @ 2 mharc** (grádaithe 2:0)

| | **Fíor** | **Bréagach** |
|---|---|---|
| Is féidir le haiste bia ina bhfuil a lán salainn a bheith ina cúis le brú fola ard | ✓ | |
| Cuireann 1 ghram de shaill 20 cileacalra d'fhuinneamh ar fáil | | ✓ |
| Is féidir le carnadh colaistéaróil ar bhallaí na n-artairí a bheith ina chúis le galar corónach croí | ✓ | |

**2.** Luaigh **dhá** fheidhm atá ag lipidí (saillte).

**2 fheidhm @ 2 mharc** (grádaithe 2:0)

| | |
|---|---|
| (i) | *Teas; fuinneamh; stóráiltear lipidí breise mar fhíochán saille; agus inslítear an corp dá bharr seo;* |
| | *chomh maith le feidhmiú mar chúltaisce fuinnimh; orgáin íogaire a chosaint;* |
| (ii) | *Vitimíní sailltuaslagtha A, D, E, K a sholáthar; foinse d'aigéid shailleacha riachtanacha;* |
| | *cuireann sé moill ar an mbraistint d'ocras; ní féidir cillbhallaí a thógáint gan é; srl.* |

Ainmnigh fhoinse **amháin** lipidí (saillte) sa réim bia.

**1 fhoinse @ 2 mharc** (grádaithe 2:0)

| | |
|---|---|
| (i) | *Feoil; uibheacha; iasc lán ola; táirgí déiríochta; pónairí soighe; abhacáid; ológa;* |
| (ii) | *Cnónna agus olaí cnónna; olaí plandúla; olaí ae éisc; margairín; síolta; srl.* |

**3.** Tabhair sampla **amháin** de gach cineál anlainn atá liostaithe thíos.

**3 shampla @ 2 mharc** (grádaithe 2:1:0)

| **Cineálacha / Aicme anlann** | **Sampla** |
|---|---|
| Anlann bunaithe ar roux | *Bán; cáis; peirsile; béchamel; anlann donn; srl.* |
| Anlann bunaithe ar ubh | *Maonáis; custard; hollandaise; srl.* |
| Anlann milis | *Seacláide; taifí; caramail; imreog; úill; oráiste; mónóg; coulis sútha craobh; srl.* |

**4.** Bain úsáid as na focail atá liostaithe thíos chun na ráitis seo a leanas maidir le torthaí agus glasraí a chríochnú.

**3 @ 2 mharc** (grádaithe 2:0)

***bánaítear*** ***ina séasúr féin*** ***vitimín C***

Is foinse shaibhir de ***vitimín C*** iad torthaí citris.

***Bánaítear*** glasraí sula reoitear iad.

Nuair a bhíonn glasraí ***ina séasúr féin*** bíonn blas breá orthu.

**5.** Tabhair **dhá** shampla éagsúla de mhiasa a mbaintear úsáid as na modhanna cócaireachta atá ainmnithe thíos chun iad a chócaráil.

**2 shampla @ 2 mharc** (grádaithe 2:1:0) **+ 2 shampla @ 1 mharc amháin** (grádaithe 1:0)

| **Modh cócaireachta** | **Miasa** | |
|---|---|---|
| Bácáil | (i) *Mionbhruar úll; císte spúinse; pióg éisc; arán sóide;* | (ii) *Lasáinne; píotsa; báca pasta; muifíní; srl.* |
| Gríoscadh | (i) *Satae de bhrollach sicín; glasraí ceibeabanna; burgair mhairteola;* | (ii) *Briogúin torthaí; bruschetta; srl.* |

**6.** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** threoirlíne phleanála béilí atá le leanúint do dhuine atá ag teacht chuige/chuici féin tar éis dó/di a bheith breoite.

**3 @ 2 mharc** (grádaithe 2:1:0)

| | |
|---|---|
| (i) | *Bia a dhíleáitear go héasca a réiteach; chomh maith le hé a bheith blasta; iontógáil fuinnimh laghdaithe; méid an sciar níos lú;* |
| | *bianna a bhfuil beagán blastáin orthu; torthaí agus glasraí; bianna a bhfuil neart snáithín iontu d'fhonn iatacht a sheachaint;* |
| (ii) | *Tá foinse chomhdhlúite de phróitéin de dhíth d'fhonn fíochán a bhfuil damáiste déanta dó a dheisiú;* |
| | *ama béile rialta; déan bianna spíosracha a sheachaint; bianna atá lán d'iarann a ithe d'fhonn ainéime a sheachaint;* |
| (iii) | *Béilí cothromaithe; ná déan bianna a fhriochadh más féidir; seachain bianna atá an iomarca ola/gréisce iontu;* |
| | *neart leachtanna; bianna atá saibhir ó thaobh vitimín C de d'fhonn cuidiú le bisiú; srl.* |

**7.** Cuir in iúl le tic **(✓)** cé acu fíor nó bréagach atá **gach** ceann de na ráitis seo a leanas.

**3 @ 2 mharc** (grádaithe 2:0)

| | **Fíor** | **Bréagach** |
|---|---|---|
| Cosnaíonn an pacáistiú bia ar dhamáiste agus ar thruailliú/éilliú | ✓ | |
| Is pacáistiú taisdíonach é pacáistiú páipéir | | ✓ |
| Tá gach pacáistiú bia in-bhithmhillte agus in-athchúrsáilte | | ✓ |

**8.** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** ghné is cóir do thuismitheoirí a chur san áireamh nuair a bhíonn siad ag roghnú bia do leanaí réamhscoile.

**3 @ 2 mharc** (grádaithe 2:1:0)

| | |
|---|---|
| (i) | *Éagsúlacht bianna a chur san áireamh; pirimid bia a leanúint; torthaí agus glasraí; bianna stáirsiúla; bianna próitéin; táirgí déiríochta;* |
| | *costas; próiseáil bia; méid an sciar; bianna atá éasca iad a láimhseáil;* |
| (ii) | *Feasacht chothaitheach; staid shláinte; ailléirgí; leibhéil aclaíochta;* |
| | *caitheamh aimsire; gnéithe céadfacha den bhia; pacáistiú bia; lipéadú bia;* |
| (iii) | *Inbhuanaitheacht; piaraí; teaghlach; stíl mhaireachtála; cuir díol spéise sa bhoscal lóin le héagsúlacht arán, cruthanna pasta; an páiste a bheith páirteach i lón a phacáil;* |
| | *infhaighteacht bia; margaíocht; treochtaí bia; srl.* |

**9.** Luaigh ar na treoirlínte is cóir a leanúint lena chinntiú go ndéantar bia a ullmhú go sábháilte faoi **gach** ceann de na ceannteidil thíos.

**3 @ 2 mharc** (grádaithe 2:1:0)

| |
|---|
| **Stóráil bia** *déan bianna amh agus cócaráilte a stóráil in áiteanna difriúla; déan bianna somheata a stóráil faoi 5°C; déan bianna reoite a stóráil ag -18 °C; déan bianna a stóráil i gcoimeádáin oiriúnacha; déan bianna tirime a stóráil i gcófra tirim, fionnuar, dea-aeráilte; bain glasraí agus torthaí ó chumhdach plaisteach; lean na treoracha stórála ar lipéid bia; déan dátaí dulta ó mhaith/ar fearr roimhe a sheiceáil; srl.* |
| **Sláinteachas pearsanta** *déan lámha a ní roimh bhia a láimhseáil; déan iarracht gan bheith ag casachtach agus ag sraothartach gar do bhia; ní foláir do naprúin a bheith glan; ba cheart gearrthacha a bheith clúdaithe le greimlín a bhfuil dath geal air; cinntigh go bhfuil ingne gearr agus glan; déan seodra a bhaint; srl.* |
| **Bia a théamh arís** *caithfear bia a théamh go teocht ard chun baictéir a mhilleadh; tá gá le bianna ardriosca amhail stobhach agus súlaigh a théamh go 100°C; ná déan bianna a atéamh níos mó ná uair amháin; srl.* |

**10.** Tabhair sampla **amháin** de **gach** aicme de bhreiseáin bhia.

**3 @ 2 mharc** (grádaithe 2:1:0)

| Aicme de Bhreiseáin Bhia | Sampla |
|---|---|
| Blastáin | *Siúcra; salann; spíosraí; luibheanna; blasóirí saorga; glútamáit mhonasóidiam; srl.* |
| Leasaithigh | *Siúcra; salann; fínéagar; deatach; dé-ocsaíd sulfair; potaisiam sorbáite; srl.* |
| Milseoirí | *Fruchtós; siúcra; mil; síoróip glúcóis; aspairtéim; sacairín; sorbitol; mannitól; srl.* |

**11.** Luaigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le hearraí a cheannach ar cairde.

**2 @ 2 mharc** (grádaithe 2:1:0)

| | |
|---|---|
| (i) | *Cuireann sé ar chumas duine billí móra a íoc; rudaí costasacha a cheannach; costais gan choinne a íoc;* |
| | *ní gá slámanna móra d'airgead tirim a iompar thart;* |
| (ii) | *Spreagann sé tomhaltóirí airgead a chaitheamh; agus cruthaítear poist dá bharr; glactar le cártaí creidmheasa go forleathan;* |
| | *is féidir leas a bhaint as sladmhargaí; srl.* |

Mol cineál **amháin** cairde a bheadh oiriúnach le carr a cheannach.

**1 @ 2 mharc** (grádaithe 2:1:0)

*Iasacht; fruilcheannach; PCP (pleananna conartha pearsanta); cárta creidmheasa; srl.*

**12.** Cuir in iúl le tic **(✓)** cé acu fíor nó bréagach atá **gach** ceann de na ráitis seo a leanas.

**3 @ 2 mharc** (grádaithe 2:0)

| | **Fíor** | **Bréagach** |
|---|---|---|
| Is é is Íoc Mar A Thuillir (ÍMAT) ann ná cáin ioncaim a bhaintear as pá comhlán duine | ✓ | |
| Is é is Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasa (ÁSPC) ann ná asbhaint éigeantach a íocann fostóirí agus fostaithe | ✓ | |
| Is é is ioncam glan ann ná airgead a thuilltear sula ndéantar aon asbhaintí | | ✓ |

**13.** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** ghné nach mór a chur san áireamh nuair a bhíonn earraí teicstíle tí á roghnú agat.

**3 @ 2 mharc** (grádaithe 2:1:0)


| | |
|---|---|
| (i) | *Airíonna na fabraice e.g. smálfhriotaíoch; cé chomh oiriúnach agus atá an fabraic don chuspóir;* |
| | *costas; na rudaí a thaitníonn agus nach dtaitníonn le duine treochtaí san fhaisean faoi láthair;* |
| (ii) | *Tarraingt aeistéitiúil; cuma; go luíonn sé go deas; meáchan; ionsúiteacht;* |
| | *uigeacht; loinnir ; dath; patrún ; marthanacht; leamhain-díonach; buandathach;* |
| (iii) | *Aire agus níochán, nigh/triomaigh glan; smálfhriotaíoch; friotaíoch ó thaobh treigean datha de;* |
| | *sabháileacht e.g. lasairmhoillitheach; nádúrtha nó sintéiseach; srl.* |

**14.** Cén t-eolas a chuireann **gach** ceann de na siombailí cúraim teicstíle seo a leanas in iúl don tomhaltóir?

**2 @ 3 mharc** (grádaithe 3:2:0)



| |
|---|
| *Ná bánaítear.* |
| |
| |



| |
|---|
| *Triomaigh ar dhromchla cothrom é.* |
| |
| |

(*www.persilproclean.com*)

**Roinn B**

Freagair **Ceist 1** agus cheist **amháin** as ceisteanna 2, 3, 4 agus 5.
Tá 80 marc ag gabháil le Ceist 1. Tá 50 marc an ceann ag gabháil leis na ceisteanna 2, 3, 4 agus 5.

**Ceist 1**
'Is príomhbhia é bainne i réim bia na leanaí in Éirinn.' (*www.nationaldairycouncil.ie*)

Sa tábla thíos, taispeántar cion cothaitheach an bhainne gan bhearradh agus an bhainne threisithe gan saill in aghaidh gach 100 ml.

| Cineál Bainne | Fuinneamh (kcal) | Próitéin | Carbaihiodráití | Saill | Cailciam | Vitimín B12 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Bainne gan Bhearradh** | 64 kcal | 3.4 g | 4.7 g | 3.5 g | 119 mg | 0.4 µg |
| **Bainne Treisithe gan Saill** | 35 kcal | 3.3 g | 5.0 g | 0.2 g | 160 mg | 0.4 µg |

(*www.avonmore.ie*)

**(a)** Agus tú ag baint úsáide as eolas atá curtha ar fáil sa tábla thuas, luaigh cé acu bainne díobh a mholfá do dhéagóir.
Tabhair **ceithre** chúis le do rogha. (20 marc)

**Ainm 4 mharc** (grádaithe 4:0)**, 4 chúis @ 4 mharc** (grádaithe 4:2:0)
***Bainne gan bhearradh:*** *cion cileacalra níos airde; cion saille níos airde; saill le haghaidh teasa agus fuinnimh; is furasta saill a dhíleá; is féidir le saill sháithithe an riosca GCC a mhéadu; cion próitéin níos airde; próitéin le haghaidh fáis agus deisithe; cion carbaihiodráite níos ísle; CHO le haghaidh teasa agus fuinnimh; méid níos lú cailciam; cailciam le haghaidh cnámha agus fiacla níos láidre; vitimín $B_{12}$ d'fhonn fuilchealla dearga a dhéanamh, meitibileacht d'aigéad fólach, aigéid shailleacha agus truaill mhiailineach a chruthú timpeall néaróga; srl.*
***Bainne treisithe gan saill:*** *cion cileacalra níos ísle; cion saille níos ísle; cion próitéine níos ísle; próitéin le haghaidh fáis agus deisiúcháin; cion carbaihiodráit níos ísle; CHO le haghaidh teasa agus fuinnimh; méid níos airde cailciam; cailciam le haghaidh cnámha agus fiacla; vitimín $B_{12}$ le haghaidh fuilchealla dearga a chruthú, meitibileacht d'aigéad fólach, aigéid shailleacha agus truaill mhiailineach a chruthú timpeall néaróga; cuireann sé cosc ar ainéime; srl.*

**(b)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** shlí shuimiúla le táirgí déiríochta a chur san áireamh i réim bia déagóra. (12 mharc)

**3 shlí @ 4 mharc** (grádaithe 4:2:0)
***Bainne*** *sa ghránach; creatháin bhainne, caoineoga; caifeanna déanta ar bhainne; bainne a chur ar an mbord le béilí; é a riar mar sneaic; miasa ina bhfuil anlainn bhána; curtha le hanraith; fuidrimh; milseoga bunaithe ar bhainne; curtha le hearraí bácáilte;* ***Iógart*** *mar sneaic; i gcreatháin bhainne, i gcaoineoga; mar bharrán ar mhilseoga; dipíní le haghaidh curraí; blastáin do shailéid; gairnis le haghaidh anraith; barrán le haghaidh prátaí bácáilte;* ***Cáis*** *i sailéid; líonadh i gceapaire/prátaí bácáilte; barrán le haghaidh pasta; curtha le miasa príomhchúrsa; curtha le prátaí brúite; anlainn cháis le haghaidh cóilis; clár cáise mar mhilseog; císte cáise; curtha le hearraí bácáilte; srl. curtha le him; uachtar reoite; srl.*

**(c)** Tabhair cuntas ar chailciam faoi **gach** ceann de na ceannteidil seo a leanas:

- feidhmeanna sa chorp

**3 fheidhm @ 4 mharc** (grádaithe 4:2:0)

*Cnámha láidre; fiacla sláintiúla; téachtadh fola; ligean sa mhatán; gnáthfheidhmiú na néaróg; tréscaoilteacht sheicne; meitibileacht na cille a rialú; srl.*

- foinsí sa réim bia

**3 fhoinse @ 4 mharc** (grádaithe 4:2:0)

*Uisce crua; táirgí déiríochta; iasc stánaithe; glasraí duilleogacha glasa; arán treisithe; plúr bán; uibheacha; iasc lán ola; uisce i mbuidéil; súnna treisithe; bainne soighe; gránaigh bhricfeasta treisithe; srl.*

- iarmhairt na heaspa. (28 marc)

**1 éifeacht amháin @ 4 mharc** (grádaithe 4:2:0)

*Raicíteas; oistéamalaice; oistéapóróis; lobhadh na bhfiacla; freanga sa mhatán; téachtadh fola lag; cur isteach ar fheidhmiú na néarcheall; srl.*

**(d)** Pléigh **ceithre** thoisc is cóir a chur san áireamh nuair a bhíonn táirgí déiríochta á gceannach **agus** á stóráil agat le cur amú bia a laghdú. (20 marc)

**4 thoisc @ 5 mharc** (grádaithe 5:3:0)

**(1 tagairt amháin do cheannach, 1 tagairt amháin do stóráil, móide 2 tharairt eile)**

***Ceannach:*** *déan siopadóireacht le liosta; ceannaigh ó shiopa glan, sláinteach; déan dátaí dulta ó mhaith a sheiceáil; déan an pacáistiú/clúdach a sheiceáil le cinntiú go bhfuil sé slán; a chinntiú go bhfuil táirgí déiríochta stóráilte ag an teocht cheart; ceannaigh iad i dtreo dheireadh an turais siopadóireachta; ceannaigh iad i méideanna inúsáidte/beaga; srl.*

***Stóráil:*** *déan táirgí déiríochta a stóráil sa chuisneoir 4˚C; úsáid iad ar bhonn uainíochta; cloígh leis na dátaí dulta ó mhaith a léirítear ar an bpacáistiú; coinnigh an bainne sa chartán/sa choimeádán bunaidh; coinnigh táirgí déiríochta clúdaithe nó déan iad a stóráil i gcoimeádáin atá dúnta go daingean agus i bhfad ó bhianna le boladh láidir; ná cuir an iomarca sa chuisneoir; déan cáis a fhilleadh go scaoilte i bpáipéar párach/páipéar céir d'fhonn cosc a chur ar thriomú; srl.*

**Ceist 2**

'Tá seisear leanaí bunscoile as gach deichniúr gan a bheith ag ithe a ndóthain snáithín.' (*www.bordbia.ie*)

**(a)** Tabhair cuntas **(i)** ar an luach cothaitheach **agus (ii)** ar an luach diaitéiteach atá ar ghránaigh. (20 marc)

**4 phointe @ 5 mharc** (grádaithe 5:3:0)

**(1 tagairt do luach cothaitheach, 1 tagairt do luach diaitéiteach, móide 2 thagairt eile)**

***Cothaitheach:*** *próitéin LBV; carbaihiodráit; bia slánghráinneach mar fhoinse de snáithín; aigéid shailleacha neamhsháithithe; foinse de vitimíní ón ngrúpa B; vitimín E; cailciam; iarann agus fosfar; cion uisce íseal; srl.*

***Diaitéiteach:*** *próitéin le haghaidh fáis agus deisiúcháin; stáirse le haghaidh fuinnimh, úsáideach i réim bia daoine aclaí; tá snáithín cothaithe i slánghráin a chuireann cosc ar iatacht; tá saill il-neamhsháithithe, ní chuireann sé le carnadh colaistéaróil; solúbtha; ní chosnaíonn sé mórán chun é a cheannach; éasca le húsáid; ní féidir le céiliaigh glútan a dhíleá; is féidir é a úsáid i miasa milis agus saillte araon; is féidir cócaireacht a dhéanamh air laistigh de thréimhse ghearr, costais fuinnimh a shábháil; srl.*

**(b)** Pleanáil biachlár le neart snáithín le haghaidh lá amháin do leanbh atá ag dul ar scoil, (3 bhéile, ina bhfuil lón pacáilte san áireamh). (18 marc)

**3 bhéile @ 6 mharc**

**(Biachlár: 2 chúrsa @ 2 mharc + 1 deoch @ 2 mharc** (grádaithe 2:1:0)**) X 3**

**Biachláir shamplacha**

| ***Bricfeasta*** | ***Lón pacáilte*** | ***Dinnéar*** |
|---|---|---|
| *Sú oráiste*<br>***<br>*Gránach slánghráinneach le bainne*<br>***<br>*Iógart sútha talún*<br>***<br>*Gloine bainne* | *Rollóg donn le sicín agus cáis*<br>***<br>*Úll*<br>***<br>*Buidéal uisce* | *Anraith glasraí le harán donn*<br>***<br>*Spaigití bolognese le pasta donn*<br>***<br>*Gloine bainne* |

**(c)** Tabhair breac-chuntas ar na slite a dtéann teas i bhfeidhm ar ghránaigh. (12 mharc)

**3 phointe @ 4 mharc** (grádaithe 4:2:0)

*Atann na gráinní stáirse de dheasca an teasa thais agus ionsúnn siad an leacht cócaireachta nuair a phléascann siad, e.g. rís bheirithe; atann na gráinní stáirse de dheasca an teasa thirim agus ionsúnn siad an tsaill nuair a phléascann siad, e.g. grán rósta; éiríonn an ceallalós níos boige, agus bíonn sé níos éasca é a dhíleá dá bharr; téachtann agus cruann an phróitéin; cailltear roinnt vitimín B; tarlaíonn deistriniú ó thaobh an stáirse de; caramalaíonn an siúcra sa chaoi is go dtagann dath donn ar an dromchla; srl.*

**Ceist 3**
Cuidíonn leasú bia sa bhaile le cur amú bia a laghdú.

**(a)** Tabhair cuntas ar mhodh **amháin** chun bia a leasú sa bhaile.

Déan tagairt dóibh seo a leanas:

- ainm an mhodha leasaithe **Ainm: 3 mharc** (grádaithe 3:2:0)
- bianna oiriúnacha **3 bhia @ 3 mharc** (grádaithe 3:0)
- céimeanna i gcur i bhfeidhm an modh leasaithe. **4 chéim @ 3 mharc** (grádaithe 3:2:0)

(24 marc)

**Ainm an mhodha leasaithe:** *teaschóireálacha*, e.g. *subh/seatnaí a dhéanamh, caomhnú ceimiceach, picil, triomú, reo, srl.* **Bianna oiriúnacha:** *torthaí: úlla, oráistí, sútha talún, plumaí, aibreoga, srl. glasraí: cairéid, piseanna, pónairí, trátaí, oinniúin, cóilis, brocailí; feoil agus iasc; bianna bácáilte; anraithí agus anlainn; béilí cócaráilte; srl.* **Céimeanna i gcur i bhfeidhm an modh leasaithe:** ***subh/seatnaí a dhéanamh****: déan prócaí a ní agus a steiriliú; déan torthaí agus glasraí a ullmhú de réir a gcineáil; bain úsáid as sáspan trombhunaithe; suanbhruith chun peictin a scaoileadh; cuir siúcra leis; is féidir sú líomóide a chur leis chun aigéadacht a mhéadú; déan é a bhruith go dtí go sroichtear an pointe téachta; blais é; déan é a scimeáil; cuir i bpota é; dún é; cuir lipéad air; stóráil é; srl.* ***Cuir i mbuidéil:*** *déan prócaí de thorthaí/de ghlasraí a théamh i ndabhach uisce; déan na prócaí a dhúnadh go daingean nuair atá siad te; cruthaíonn sé seo folús ar fhuarú dó agus cruthaítear séala dá bharr; cuir lipéad orthu; déan iad a stóráil; srl.* ***Triomú:*** *déan na luibheanna a cheangal i mbearta; triomaigh iad in áit the; cuir i bpacáistiú iad; cuir lipéad orthu; déan iad a stóráil; srl.* ***Reo:*** *bánaítear iad de réir a gcineáil; cuir i bpacáistiú taisdhíonach iad; bain an t-aer as; dún go daingean iad; cuir lipéad orthu; reoigh ag -25˚C; déan iad a stóráil ag -18˚C; srl.*

**(b)** Déan cur síos ar **cheithre** threoirlíne shábháilteachta atá le leanúint nuair a bhíonn bia á leasú agat sa bhaile. (16 mharc)

**4 threoirlíne @ 4 mharc** (grádaithe 4:2:0)

*Bí cúramach agus tú ag úsáid sceana géara, grátálaithe, lanna de phróiseálaí bia; bain úsáid as sáspan le lámha teasdhíonacha; bain úsáid as lámhainní oigheann agus tú ag láimhseáil prócaí/claibíní teo, nó le linn tráidirí a bhiant as an oigheann; coinnigh lámha na sáspan casta isteach; ná cuir an iomarca sna prócaí; déan lámha a ní roimh bhia a láimhseáil; déan iarracht gan bheith ag casachtach/sraothartach os cionn bia; clúdaigh do chuid gruaige le líontán gruaige; caith éadaí cosanta, déan gearrthacha a chlúdú le cóiriú uiscedhíonach; déan bia a láimhseáil a laghad agus is féidir; ná déan na soicéid leictreacha a ró-ualú; déan fleisceanna atá ag sraoilleadh a sheachaint; múch fearais nuair nach bhfuil siad in úsáid; ná déan fearais leictreacha a láimhseáil le lámha fliucha; úsáid dromchlaí ar leith agus bianna amha agus cócaráilte á n-ullmhú; srl.*

**(c)** Luaigh **dhá** shlí a dtéann lipéadú bia chun tairbhe don tomhaltóir nuair a bhíonn sé/sí ag ceannach bianna próiseáilte. (10marc)

**2 shlí @ 5 mharc** (grádaithe 5:3:0)

*Cuireann sé an tomhaltóir ar an eolas faoi airíonna bia próiseáilte; is féidir leo rogha eolach a dhéanamh; eolas maidir le cothaithigh, ailléirginí, breiseáin, mionathruithe géiniteacha; srl. comhábhair atá liostaithe in ord íslitheach meáchain; cainníocht ghlan; tír thionscnaimh; dáta dulta ó mhaith, dáta ar fearr roimhe é; treoracha maidir le cócaireacht, stóráil; ainm agus seoladh an mhonaróra; dearbhú cáilíochta e.g. marc de chuid Bord Bia; táirgí orgánacha; trádáil chóir; srl.*

**Ceist 4**

'Nuair a cheannaíonn tú táirge nó seirbhís tá cearta áirithe agat faoi reachtaíocht na hÉireann.'

(*www.citizensinformation.ie*)

**(a)** Ainmnigh **agus** mínigh **ceithre** cheart atá ag tomhaltóirí nuair a bhíonn fearais tí á gceannach acu. (16 mharc)

**4 cheart @ 4 mharc** (grádaithe 4:2:0)

*Luach ar airgead; ceart chun teacht ar eolas atá macánta agus fíor; ceart go mbeadh rogha ag duine i leith earraí agus seirbhísí; ceart go mbeadh cáilíocht mhaith ag baint leis; ceart chun sábháilteachta; seirbhísí arna gcur i gcrích ar ardchaighdeán ag duine cáilithe; úsáid a bhaint as ábhair ar chaighdeán maith; ceart chun sásaimh; srl.*

**(b)** Leag amach na torthaí ar staidéar a rinne tú ar fhearas beag leictreach cistine. Déan tagairt dóibh seo a leanas:

- an cineál fearais
- treoirlínte lena úsáid
- treoirlínte chun aire a thabhairt dó agus chun é a ghlanadh. (24 marc)

**1 chineál amháin @ 3 mharc** (grádaithe 3:2:0)

**Cineál fearais:** *micreathonn; citeal; próiseálaí bia; tóstaer ceapairí/gríoscán tadhaill; tóstaer; súire/gléas caoineoga; friochtáin aeir; cócaireán mall; gléas caife; meascthóir bia; cumascóir; srl.*

**4 threoirlíne @ 3 mharc** (grádaithe 3:2:0)

**Treoirlínte lena húsáid:** *lean treoracha an mhonaróra; cuir le chéile i gceart; úsáid an luas/teocht cheart; bain úsáid as na giuirléidí cearta; ná cuir an iomarca isteach san fhearas; stop an fearas anois agus arís; athraigh suas trí na luasanna; ná hoibrigh le lámha fliuch; seachain fleisceanna atá sraoilleadh; ná déan na soicéid a ró-ualú; múch fearais nuair nach bhfuil siad in úsáid; ceannaigh scoth na dtrealamh i gcónaí; srl.*

**3 threoirlíne @ 3 mharc** (grádaithe 3:2:0)

**Treoirlínte chun aire a thabhairt dó agus chun é a ghlanadh:** *díphlugáil roimh ghlanadh; nigh na codanna inbhainte in uisce gallúnaí te; triomaigh go hiomlán; bí cúramach agus lanna, dioscaí agus comhpháirteanna géara an fhearais á mbaint, á níochán agus á dtriomú; ná tum an chuid mhótair/leictreachais in uisce riamh; déan an fhleisc a ghlanadh le héadach tais; ná húsáid scrábaigh más féidir; bain an claibín den fhearas agus é a stóráil; díchoirtigh an citeal go rialta; srl.*

**(c)** Mínigh **dhá** shlí a dtéann lipéad fuinnimh an AE ar fhearais leictreacha chun tairbhe don tomhaltóir. (10 marc)

**2 bhuntáiste @ 5 mharc** (grádaithe 5:3:0)

*Cuireann sé ar chumas tomhaltóirí fearais a roghnú bunaithe ar a n-éifeachtúlacht fuinnimh, cuidíonn sé le tomhaltóirí billí fuinnimh a laghdú; táirgí níos inbhuanaithe a roghnú, agus tionchar an táirge ar an dtimpeallacht a laghdú dá bharr; trí bhíthin nasc QR tá tomhaltóirí in ann teacht ar bhunachar sonraí ar fud an AE agus a thuilleadh sonraí faoin táirge le fáil ann; déantar fearais a rátáil ar scála A-G; is iad fearais rátáil A agus B na cinn is tíosaí ar fhuinneamh; srl.*

**Ceist 5**
Is rogha choitianta i dtaca le stíl mhaireachtála de an pósadh ag lánúineacha i sochaí na hÉireann.

**(a)** Pléigh na cearta atá ag lánúin **agus** ar na freagrachtaí atá orthu i gcaidreamh pósta. (20 marc)

**4 phointe @ 5 mharc** (grádaithe 5:3:0)

***Cearta:*** *do chuideachta a chéile; maireachtáil le chéile mar chomhpháirtithe; caidreamh monagamach; a bheith seasmhach/dílis dá chéile; tá lánúineacha i dteideal caidreamh collaí a bheith acu lena chéile chun an pósadh a chur i gcrích; is féidir le céilí rudaí a fháil le hoidhreacht ón gcéile eile (An tAcht Comharbais, 1965); srl.*

***Freagrachtaí:*** *tacaíocht airgid a sholáthar do do pháirtí agus do do leanaí; comhchaomhnóireachta agus a bheith freagrach as a leanaí; dualgas dlíthiúil riar ar riachtanais fhisiciúla, mhothúchánacha, shóisialta, mhorálta agus oideachais do chuid leanaí; oibriú ar an gcaidreamh lena chinntiú go bhfuil rath air; tiomantas don phósadh a léiriú; srl.*

**(b)** Tabhair cuntas ar na roghanna seo a leanas atá ar fáil ag lánúineacha pósta atá ag scaradh ó chéile:

- scaradh dlíthiúil
- colscaradh. (20 marc)

**4 phointe @ 5 mharc** (grádaithe 5:3:0)

**(1 tagairt do scaradh dlíthiúil, 1 tagairt do colscaradh, móide 2 thagairt eile)**

**Scaradh dlíthiúil:** *Gníomhas Idirscartha/comhaontú idirscartha dhlíthiúil; conradh scríofa ceangailteach ó thaobh dlí de; freagracht agus cúram leanaí cleithiúnacha; cothabháil; socruithe maidir le húinéireacht agus áitiú áras an teaghlaigh; idirghabhálaí oilte ar fáil chun idirbheartaíocht a dhéanamh maidir le téarmaí; ní mór d'aturnae é a dhréachtú; ó thaobh na lánúine de, tá sé seo cabhrach chun imeachtaí cúirte a sheachaint; srl.* **Colscaradh:** *tugann sé cead don bheirt pháirtithe deireadh a chur leis an bpósadh reatha go dleathach; cuirfidh dlíodóir lánúin ar an eolas faoi na seirbhísí comhairleoireachta agus idirghabhála atá ar fáil; níl na céilí ina gcónaí lena chéile ar feadh dhá bhliain le trí bliana anuas; níl aon seans go dtarlóidh athmhuintearas eatarthu; caithfear an chúirt a shásamh go bhfuil soláthar déanta do chéilí agus leanaí cleithiúnacha; féadfaidh an chúirt orduithe sa bhreis a thabhairt maidir le coimirce leanaí agus rochtain orthu, maoin, cothabháil; tugann sé an ceart do chéilí pósadh arís; tionóltar éisteacht colscartha sa chúirt chuarda teaghlaigh; srl.*

**(c)** Déan cur síos ar **dhá** éagsúlacht chultúir i socruithe pósta. (10 marc)

**2 éagsúlacht chultúir @ 5 mharc** (grádaithe 5:3:0)

***Aois:*** *in Éirinn, is í 18 an aois íosta le haghaidh pósta, tá an srian aoise éagsúil ó thír go tír; srl.* ***Céile ar do Mhian:*** *cuireann roinnt sochaithe srianta ar cumainn phósta bunaithe ar reiligiún, aicme sóisialta, nó caidreamh idir na daoine faoi leith; srl.* ***Cleamhnais:*** *is iad na tuismitheoirí a roghnaíonn céilí an pháiste ag brath ar chúlra agus ar oiriúnacht; tá an nós seo an-choitianta i measc phobal an luchta siúil; srl.* ***Líon Páirtithe/Céilí:*** *monagamas; polagamas; polaigíneas; polandras; srl.* ***Pósadh comhghnéis:*** *dleathach in Éirinn; srl.* ***Nósanna pósta:*** *reáchtáiltear bainiseacha Giúdacha faoi fhorscáth a bhíonn ina shiombail ar bhaile na lánúine amach anseo; srl.* ***Cineálacha searmanais:*** *reiligiúnach, sibhialta, tuatha, idirchreidimh, daonnachach; srl.* ***Suíomh:*** *is féidir séipéal, mosc, sionagóg, clárlann, clárú sealadach óstán; trá; gairdín, a fháil go sealadach; srl.*

# Roinn C

## Ábhar Roghnach 1 – Dearadh agus Bainistíocht Tí – 80 marc

Ní mór d'iarrthóirí a roghnaíonn an t-ábhar roghnach seo **1(a)** agus **1(b) nó 1(c)** a fhreagairt.

**1. (a)** Taispeántar thíos cistin/spás cónaithe plean oscailte atá coitianta.



(*www.roomsketcher.com*)

**(i)** Déan measúnú ar oiriúnacht na cistine/an spáis chónaithe seo do theaghlach ina bhfuil leanaí. (20 marc)

**4 phointe @ 5 mharc** (grádaithe 5:3:0)

*Spás mór chun freastal ar riachtanais an teaghlaigh; clúdach urláir éasca le glanadh; an t-ábhar urláir céanna ar fud an tseomra, gan stiall trasdula ann a d'fhéadfadh a bheith ina guais thuisle; seomra roinnte i gcriosanna ar leith; dóthain spáis stórála sa chistin; dearadh nua-aimseartha aige; is féidir bord na cistine a úsáid chun obair bhaile a chríochnú fad is atá baill eile den teaghlach i mbun an dinnéar a réiteach; is féidir súil a choinneáil ar leanaí ag imirt sa seomra suite fad is atá bia á réiteach agat; neart aonad cistine; fean eastarraingthe os cionn an iarta; a dhóthain suíochán; a dhóthain solais nádúrtha ag dul isteach sa seomra; is áisiúil an rud é níos mó spáis oibre a bheith agat ar an taobh thall den iarta; gan dóthain cathaoireacha ag bord na cistine le go bhféadfaidh gach ball den teaghlach a ithe le chéile; suíocháin bhreise de dhíth ag an gcuntar bricfeasta; easpa stórála le haghaidh bréagáin sa seomra suí; srl.*

**(ii)** Pléigh **trí** thoisc is cóir a chur san áireamh nuair atá córas soilse á phleanáil agat do chistin plean oscailte/seomra suite. (15 marc)

**3 thoisc @ 5 mharc** (grádaithe 5:3:0)

*Feidhm an tseomra; a dhóthain solais ann le nach gcuirfear straidhn ar shúile; méid an tsolais nádúrtha ag dul isteach sa seomra; méid agus cruth an tseomra; scéim dathanna, comhthimpeallacht, croílár an tseomra; solúbthacht e.g. lampaí inaistrithe; soilsiú LED chun fuinneamh a shábháil; dalladh scáileáin a sheachaint ar an teilifís; sábháilteacht; éasca chun cothabháil a dhéanamh air; fáil éasca air chun bolgáin nua a chur isteach; srl.*

**(iii)** Tabhair sonraí de **thrí** shaghas soilse comhaimseartha sa bhaile. (15 marc)

**3 shaghas @ 5 mharc** (grádaithe 5:3:0)

*Soilse síleála cuasaithe; crochadáin; soilse ardaithe agus íslithe; soilse bunaithe ar cheirmeacht agus ar phlástar; soilse faoin gcuntar agus ar na caibinéid; soilse chun cuid súl a dhéanamh de phictiúr; soilsiú LED; riansoilsiú; spotsoilse; soilse chun dea-atmaisféar a chruthú; soilsiú téide; teicneolaíocht chliste chun na soilse a lasadh/a mhúchadh; srl.*

**agus**

**1. (b)** 'De réir mar a théann daoine in aois, is minic a chaitheann siad níos mó ama sa bhaile.' (*Aoisbhá Éireann*)

**(i)** Pléigh **trí** thoisc a mbíonn tionchar acu ar an rogha tithíochta do dhuine níos sine. (15 marc)

**3 thoisc @ 5 mharc** (grádaithe 5:3:0)

*Dlúth; compordach; teach aon stóir; seans go mb'fhearr le duine níos sine cónaí i sráidbhaile beag nó i mbaile beag; fáil éasca ar thaitneamhachtaí, seirbhísí agus iompar poiblí; rampa ag pointí isteach; doirse leathana; seans go mbeidh gá le cathaoir ardaithe; soilsiú maith chun titim a sheachaint; áiseanna cistine oiriúnaithe; seomra codlata thíos staighre; áiseanna seomra folctha oiriúnaithe; urláir neamhsciorrach; dromchla urláir atá cothrom ar fud an tí; córas teasa sábháilte agus éifeachtach; córas aláraim a bhfuil monatóireacht á dhéanamh air; poll faire doras tosaigh agus eochairshlabhra; limistéar beag lasmuigh; soilsiú lasmuigh; teicneolaíocht chúnta; braiteoirí le haghaidh cianfhaireachán sláinte; srl.*

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** shlí ar féidir le duine níos sine a c(h)uid billí fuinnimh a laghdú sa bhaile. (15 marc)

**3 shlí @ 5 mharc** (grádaithe 5:3:0)

*Fearais atá tíosach ar fhuinneamh; ná fág fearais ar fuireachas; teach atá inslithe go maith; coimeádóir ama agus teirmeastait ar chórais teasa/uisce te; fálú a dhéanamh ar shorcóir uisce te/ agus ar phíobáin; fuinneoga atá déghloinithe nó a bhfuil gloiniú triarach orthu agus astaíochas íseal acu; líneáil ar chuirtíní; fuinneamh gréine; teas de réir creasa; bolgáin LED a úsáid; braiteoirí a úsáid ar na soilsiú lasmuigh; smaoinigh ar leictreachas a choigilt san oíche; déan sconna atá ag sileadh a dheisiú; srl.*

**nó**

**1. (c)** 'Bíonn an leictreachas dainséarach mura n-úsáidtear i gceart é.' (*www.safeelectric.ie*)

**(i)** Déan cur síos ar conas a thugann na gléasanna sábháilteachta leictreacha seo a leanas cosaint nuair atá leictreachas in úsáid sa bhaile.

**(a)** mionscoradáin chiorcaid **1 phointe @ 5 mharc** (grádaithe 5:3:0)

**(b)** sreang thalmhaithe. **1 phointe @ 5 mharc** (grádaithe 5:3:0) (10 marc)

**Mionscoradáin chiorcaid**: *gné shábháilteachta; lasca tuisleacha a bheith mar chuid de a chuirfidh stop leis an gciorcad agus a dhéanfaidh an sruth leictreachais a dhíscoir má tharlaíonn fabht, nó má ró-ualaítear an ciorcad; is féidir lasca tuisleacha a athshocrú nuair atá an fhabht réitithe; Tá MCAnna mar chuid de RCDanna (gaireas srutha iarmharaigh) agus tugann sé sin cosaint sa bhreis; srl. glac le léaráid atá lipéadaithe;* **Sreang thalmhaithe**: *má tharlaíonn fabht ina dtagann sreang bheo i dteagmháil le miotal amhail cásáil an mheaisín níocháin, bheadh aon duine a theagmhaíonn leis an bhfearas i mbaol a leictreamharaithe, coisceann an tsreang thalmhaithe timpistí dá leithéid tríd an leictreachas a iompar go sábháilte ón bhfearas fabhtach síos chun an talaimh; srl.*

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar **cheithre** threoirlíne atá le leanúint chun leictreachas a úsáid go sábháilte sa bhaile. (20 marc)

**4 threoirlíne @ 5 mharc** (grádaithe 5:3:0)

*Ná déan soicéid a ró-ualú; ná húsáid cuibheoirí más féidir; ná húsáid fleisceanna atá ag sraoilleadh; múch fearais nuair nach bhfuil siad in úsáid; déan fearais a dhíphlugáil roimh iad a ghlanadh; coinnigh fearais in ordú maith oibre; ná déan fearais, soicéid, plocóidí a láimhseáil le lámha fliucha; ceannaigh fearais ar chaighdeán maith; ná tabhair fearais leictreacha isteach sa seomra folctha; srl.*

## Ábhar Roghnach 2 – Teicstílí, Faisean agus Dearadh – 40 marc

Ní mór d'iarrthóirí a roghnaíonn an t-ábhar roghnach seo **2(a)** agus **2(b) nó 2(c)** a fhreagairt.

**2. (a)** 'Is nós faisin iad éadaí lúthchleasaíochta/fóillíochta is féidir a chaitheamh áit ar bith am ar bith.' (*www.squatwolf.com*)



(*www.pinterest.com*)

**(i)** Déan trácht ar oiriúnacht na n-éadaí lúthchleasaíochta/fóillíochta a thaispeántar thuas. Déan tagairt dóibh seo a leanas:

- compord **1 phointe @ 6 mharc** (grádaithe 6:3:0)
- feidhm **1 phointe @ 6 mharc** (grádaithe 6:3:0)
- gnéithe dearaidh. **1 phointe @ 6 mharc** (grádaithe 6:3:0) (18 marc)

***Compord:*** *cuireann fabraic a bhfuil síneadh inti le héascaíocht gluaiseachta; níl t-léinte a bhfuil muineál cruinn orthu sriantach; seaicéad zipeáilte, níos compordaí nuair atá sé dízipeáilte, is féidir é a bhaint go héasca; bróga ísle, iad compordach agus boinn bhoga orthu; srl.*
***Feidhm:*** *oiriúnach do ghníomhaíochtaí; marthanach; solúbtha; coimeádfaidh sé a chruth; ní chuirtear filltíní ann; oiriúnach d'aimsir the agus fhuar; srl.*
***Gnéithe dearaidh:*** *scéimeanna datha monacrómatacha agus a thagann go maith lena chéile; bíonn éadaí níos mó ina ndíol spéise má úsáidtear srathú; banna coime le sreangán tarraingthe; oscailt lárnach seaicéid agus gné zipeáilte ag baint leis; pócaí; t-léine bhán; cufaí ar na muinchillí; bróga neamhfhoirmeálta; srl.*

**(ii)** Mol oiriúint **amháin** a chuirfeadh le tarraingteacht na n-éadaí lúthchleasaíochta/fóillíochta **agus** tabhair cúis le do rogha. (7 marc)

**Ainm: 3 mharc** (grádaithe 3:2:0)**, 1 chúis @ 4 mharc** (grádaithe 4:2:0)
*Seodra a chur leis; dath stocaí nó bróga reatha a athrú chun iad a dhéanamh níos gile; dath lásaí a athrú i mbróga reatha chun codarsnacht a chruthú; hata/caipín a chaitheamh ar mhaithe le bheith teolaí; crios a chaitheamh chun béim a chur ar an gcoim; scairf timpeall an mhuiníl, lámhainní ar na lámha ar mhaithe le bheith teolaí; mála trasach chun earraí pearsanta a iompar; srl.*

**agus**

**2. (b)** Is iomaí úsáid is féidir a bhaint as fabraicí saorga, éadaí, earraí tí agus táirgí tionsclaíocha san áireamh.

**(i)** Scríobh próifíl d'fhabraic shaorga **amháin** faoi **gach** ceann de na ceannteidil seo a leanas:

- conas a dhéantar an fhabraic

**3 phointe @ 2 mharc** (grádaithe 2:1:0)

*Fíodóireacht: síneadh curtha leis an ndlúth ar sheol, an t-inneach curtha thar agus faoin ndlúth ó thaobh amháin go dtí an taobh eile; de réir mar a thagann na snáitheanna inneach anuas ar imill sheachtracha na snáitheanna dlúithe, cruthaítear dlúthchiumhais, rud a choisceann scamhadh; srl. glac le cniotáil; cróiseáil; déanamh lása; macramé; nascadh; srl.*

- airíonna. (9 marc)

**An 1ú airí @ 2 mharc** (grádaithe 2:0) **agus an 2ú airí @ 1 mharc** (grádaithe 1:0)

***Slaodach:*** *crochann sé go maith; an-ionsúiteach; bog; compordach le caitheamh; glacann sé le dath go maith; éiríonn sé lag nuair a bhíonn sé fliuch; cuirtear filltíní ann go héasca, gan mórán maitheasa ann mar inslitheoir teasa; é éasca do chaonach liath agus d'aigéid damáiste a dhéanamh dó; srl.* ***Aicéatáit:*** *crochann sé go maith; cuirtear filltíní ann go héasca; frithsheasmhach in aghaidh caonach liath agus leamhain; is dual dó leictreachas statach dul i dtreise ann; srl.* ***Poileistear:*** *ní fabraic ionsúiteach í; is dual dó leictreachas statach dul i dtreise ann; láidir; frithsheasmhach in aghaidh filltíní; frithsheasmhach in aghaidh alcailí, tuaslagóirí, múnlaí, caonach liath; déanann aigéid damáiste dó; níl sé frithsheasmhach in aghaidh sholas na gréine ar feadh tamall fada; srl.* ***Níolón:*** *crochann sé go maith; éadrom; láidir; frithsheasmhach in aghaidh filltíní; glacann sé le dath go héasca; leaisteach; ní fabraic ionsúiteach é; frithsheasmhach in aghaidh caonach liath agus múnlaí; frithsheasmhach in aghaidh alcaile; cruthaíonn sé leictreachas statach; millte ag solas na gréine/ag aigéid; so-lasta; srl.* ***Aicrileach:*** *is dual dó leictreachas statach dul i dtreise ann; láidir; frithsheasmhach in aghaidh filltíní; crochann sé go maith; insliú maith, te le caitheamh; aigéad, frithsheasmhach in aghaidh caonach liath agus múnlaí; íogair don teas; srl.*

**(ii)** Tabhair **dhá** bhuntáiste a bhaineann le snáithíní/fabraicí saorga a úsáid in éadaí caite gach aon lae. (6 mharc)

**2 bhuntáiste @ 3 mharc** (grádaithe 3:2:0)

*Marthanach; ionsúnn sé allas; tréscaoilteach; éasca le ní agus le triomú; éadrom, compordach, agus bog le caitheamh; síneann go héasca; coinnítear an cruth bunaidh tar éis níocháin; éasca le glanadh; triomaítear go tapa; ní gá iarnáil; saor le ceannach; glacann sé dath go héasca; frithsheasmhach in aghaidh filltíní; frithsheasmhach in aghaidh caonach liath agus leamhain; faiseanta; srl.*

**nó**

**2. (c)** Tá na vardrúis lán go béal, ach mar sin féin leanaimid orainn ag ceannach níos mó éadaí.

**(i)** Pléigh **trí** thoisc a mbíonn tionchar acu ar rogha éadaí na ndéagóirí. (9 marc)

**3 thoisc @ 3 mharc** (grádaithe 3:2:0)

*Dath agus stíl; roghanna eiticiúla; piaraí; na meáin shóisialta/meáin; tionchair chultúrtha; feidhm; costas; compord; infhaighteacht éadaí; treochtaí; forbairtí teicneolaíochta; cúrsaí domhanda; imeachtaí spóirt; srl.*

**(ii)** Déan measúnú ar an gcaoi a gcuireann na meáin shóisialta le nósanna faisin reatha.

(6 mharc)

**2 phointe @ 3 mharc** (grádaithe 3:2:0)

*Cuireann siad daoine ar an eolas faoi na treochtaí faisin is déanaí; gríosaíonn siad tomhaltóirí treochtaí faisin a ghlacadh chucu féin níos tapúla agus tagann méadú ar dhíolacháin earraí mar gheall air seo; tugann comhlachtaí faisin samplaí éadaí do thionchairí le caitheamh agus le cur chun cinn; déanann tionchairí léirmheasanna ar éadaí; spreagann sé seo daoine chun iad a cheannach/cuireann sé leisce orthu iad a cheannach; tugann blagálaithe aiseolas ar éadaí; srl.*

## Ábhar Roghnach 3 – Staidéar Sóisialta – 80 marc

Ní mór d'iarrthóirí a roghnaíonn an t-ábhar roghnach seo **3(a)** agus **3(b) nó 3(c)** a fhreagairt.

**3. (a)** 'Leanaí is ea an ceathrú cuid díobh siúd atá beo bocht.' (*Ceartas Sóisialta Éireann, 2021*)

**(i)** Tabhair sainmhíniú ar 'bochtaineacht'.

**1 phointe @ 4 mharc** (grádaithe 4:2:0)

*A bheith gan bhia, éadaí nó foscadh a dhóthain; ní leor ioncam agus acmhainní agus ní chuireann siad ar chumas daoine caighdeán maireachtála a bheith acu atá sásúil i súile shochaí na hÉireann; gan mórán maoine nó gan aon mhaoin acu; féadfaidh ioncam agus acmhainní neamhleor daoine a choinneáil amach agus a imeallú ó bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí a mheastar a bheith mar ghnáthnós do dhaoine sa tsochaí; srl.*

Mínigh **gach** ceann díobh seo a leanas:

- bochtaineacht choibhneasta **2 fheidhm @ 3 mharc** (grádaithe 3:2:0)
- bochtaineacht iomlán. **2 fheidhm @ 3 mharc** (grádaithe 3:2:0) (16 mharc)

**Bochtaineacht choibhneasta:** *ag maireachtáil faoi bhun an mhéid a aithníonn an tsochaí mar bhunchaighdeán maireachtála; ag maireachtáil faoi bhun thairseach na bochtaineachta a shainmhínítear mar 50% d'ioncam an ghnáth-theaghlaigh; laghdaíonn sé seo an caighdeán maireachtála, cuireann sé cosc ar dhaoine páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí a mheastar a bheith ina ngnáthghníomhaíochtaí sa tsochaí; bíonn daoine ag fulaingt de dheasca bochtaineacht ioncaim agus ganntanas/easpa na mbunriachtanas e.g. cóta geimhridh; slr.*
**Bochtaineacht iomlán:** *tá ioncam teaghlaigh faoi leibhéal áirithe, rud a fhágann go bhfuil sé dodhéanta do dhuine nó do theaghlach freastal ar bhunriachtanais an tsaoil; gan a dhóthain bia, éadaí, teasa nó fothana a bheith ag duine; ag streachailt le fanacht beo ar acmhainní tearca; é deacair an fhadhb a réiteach; féadfaidh daoine gan dídean a bheith thíos le seo; srl.*

**(ii)** Déan cur síos ar **cheithre** chúis ar gné í an bhochtaineacht fós de shochaí nua-aimseartha na hÉireann. (20 marc)

**4 chúis @ 5 mharc** (grádaithe 5:3:0)

*Fadhbanna sóisialta; beartas sóisialta; cúlú eacnamaíochta agus dífhostaíocht; méadú ar theaghlaigh aontuismitheora/chumaisc; teaghlaigh mhóra; méadú ar an gcostas maireachtála; easpa oideachais; ioncam íseal; costais tithíochta agus ganntanas; spleáchas ar shochair stáit; srl.*

**(iii)** Ainmnigh eagraíocht dheonach **amháin** a chuireann tacaíocht ar fáil do theaghlaigh atá i mbaol na bhochtaineachta **agus** tabhair sonraí fúithi. (14 mharc)

**Ainm: 4 mharc** (grádaithe 4:2:0)**, 2 shonra @ 5 mharc** (grádaithe 5:3:0)

***Naoimh Uinseann de Pól***: *soláthraíonn sé do na baill is leochailí i bpobal; tugann sé cúnamh airgid do dhaoine i ngátar; bíonn sé ar fáil chun fadhbanna a phlé duine le duine; tugann baill cuairt ar theaghlaigh ar an ngannchuid; siopadóireacht a dhéanamh do dhaoine scothaosta; tithíocht a sholáthar; sosanna saoire; clubanna obair bhaile; brúnna agus tionscadail tithíochta sóisialta; aire a thabhairt do dhaoine gan dídean; ionaid chúraim lae do dhaoine scothaosta; deontais oideachais; tiomsú airgid; siopaí carthanachta; srl.* ***Clann Shíomóin***: *cuireann sé tacaíocht ar fáil; foscadh éigeandála, cóiríocht shealadach; foireann chun aire a thabhairt do dhaoine a chodlaíonn amuigh; cistineacha anraith/cuarda anraith; roghanna maidir le cóiríocht andúile; cúnamh le bia agus le héadaí; cuireann sé seirbhísí comhairleoireachta agus oideachais ar fáil; clubanna sóisialta;*

*srl.* ***Focus Éireann****: cuireann sé seirbhísí ar fáil do dhaoine atá gan dídean nó atá i mbaol a bheith gan dídean; tacaíochtaí tionóntachta a sholáthar; cuireann sé oiliúint ar fáil i scileanna pearsanta agus saoil; eolas ar dheiseanna fostaíochta; reáchtálann sé siopaí caife buail isteach, cóiríocht éigeandála; srl. Club na Leon; Club Rotary; Respond; Pobal DePaul; eagraíocht Lár na cathrach ag cabhrú le daoine gan dídean; srl.*

**agus**

**3. (b)** 'Is iad na pobail croí agus anam na gceantar tuaithe in Éirinn.' (*www.gov.ie*)

**(i)** Pléigh **trí** chúis a bhfuil daoine ag bogadh ó cheantair thuaithe go ceantair uirbeacha. (15 marc)

**3 chúis @ 5 mharc** (grádaithe 5:3:0)

*Forbairtí teicneolaíochta sa talmhaíocht ag laghdú líon na bpost atá ar fáil; níos mó deiseanna fostaíochta; cuideachtaí móra ilnáisiúnta i gceantair uirbeacha; gairmithe óga ag bogadh go ceantair uirbeacha; níos mó seirbhísí, taitneamhachtaí ar fáil; níos mó deiseanna oideachais ar fáil; raon níos mó áiseanna fóillíochta/siamsaíochta; srl.*

**(ii)** Mínigh an chaoi a bhfuil bogadh daoine ó cheantair thuaithe go ceantair uirbeacha tar éis dul i bhfeidhm ar shaol an teaghlaigh. (15 marc)

**3 phointe @ 5 mharc** (grádaithe 5:3:0)

***Ceantair thuaithe:*** *laghdú ar an daonra; leithlisiú sóisialta; níos mó daoine scothaosta; níos lú daoine óga; dúnadh seirbhísí riachtanacha; níos lú áiseanna; níos mó dífhostaíochta; níos lú maoinithe rialtais do chórais iompair; titeann rátaí pósta agus breithe; laghdú ar thacaíocht ó dhaoine muinteartha; srl.*
***Ceantair uirbeacha:*** *níos mó seirbhísí agus taitneamhachtaí ar fáil; méadú ar iomaíocht do phoist; plódú tráchta; méadú ar thruailliú aeir agus torainn; méadú ar phraghsanna tithe; áiseanna oideachais le liostaí fada feithimh; ceantair ard-dífhostaíochta; méadú ar fhadhbanna sóisialta; srl.*

**nó**

**3. (c)** 'Is cinneadh mór é do thuismitheoir ar bith cinneadh a dhéanamh maidir le cúram leanaí.' (*www.citizeninformation.ie*)

**(i)** Tabhair cuntas ar **thrí** thoisc is cóir do thuismitheoirí a chur san áireamh nuair atá áis cúram leanaí á roghnú acu le haghaidh a linbh. (15 mharc)

**3 thoisc @ 5 mharc** (grádaithe 5:3:0)

*Costas; timpeallacht an tsuímh cúram leanaí; aois/riachtanais an linbh; riachtanais speisialta an linbh; cóngaracht don bhaile/obair; taithí agus cáilíochtaí na mball foirne; oiliúint garchabhrach; riachtanais chúraim iarscoile; uaireanta oscailte/dúnta; solúbthacht/laethanta saoire scoile; roghanna pearsanta; iontaofacht; srl.*

**(ii)** Déan cur síos ar conas is féidir forbairt linbh a chur chun cinn má fhreastalaíonn sé/sí ar ionad réamhscoile. (15 marc)

**3 phointe @ 5 mharc** (grádaithe 5:3:0)

*Sóisialú, caidreamh a bhunú le leanaí eile; caidrimh a chruthú lasmuigh den bhaile; foghlaim conas idirghníomhú le daoine eile; foghlaim conas iad féin a iompar ar bhealach measúil; éirí neamhspleách agus muiníneach; forbairt go fisiciúil trí chluichí a imirt; scileanna mínluaile agus oll-luaile a fhorbairt; samhlaíocht agus cruthaitheacht a fhorbairt; forbairt intleachtúil neartaithe ag timpeallacht spreagúil; cabhrach ó thaobh scileanna cinnteoireachta a fhorbairt; ullmhúchán maith don bhunscoil; srl.*

# Ceist 4 - Croí ábhar - 80 marc

Ní mór d'iarrthóirí a roghnaíonn an cheist seo **4(a)** agus **4(b) nó 4(c)** a fhreagairt.

**4. (a)** 'Tá clú ar an iasc mar cheann de na bianna is sláintiúla is féidir linn a ithe.' (*www.bbc.com*)

**(i)** Tabhair cuntas **(i)** ar an luach cothaitheach **agus (ii)** ar an luach diaitéiteach atá ar an iasc. (20 marc)

**5 phointe @ 4 mharc** (grádaithe 4:2:0)

**(1 tagairt do luach cothaitheach, 1 tagairt do luach diaitéiteach, móide 3 thagairt eile)**

**Luach cothaitheach:** *Tá próitéin HBV, próitéiní collaigine, myosin, actin; saill neamhsháithithe; aigéid shailleacha óimige 3 in iasc lán ola; gan carbaihiodráití; vitimín B; vitimín C in oisrí; vitimín A agus vitimín D in iasc lán ola; foinse iaidín, potaisiam, fosfar, since; cailciam in iasc stánaithe; iarann neamh-haeim i sliogéisc agus sairdíní; srl.*

**Luach diaitéiteach:** *éasca le díleá, oiriúnach do dhaoine scothaosta; próitéin le haghaidh fáis i leanaí agus in ógánaigh; matáin sláintiúla agus chun gach aoisghrúpa a chothú ó thaobh deisiúcháin de; saill il-neamhsháithithe, cuidíonn aigéid shailleacha óimige 3 le CHD a laghdú; iasc bán oiriúnach le haghaidh réimeanna bia nach bhfuil mórán calraí iontu; níor cheart aon carbaihiodráití a sheirbheáil le bianna carbaihiodráití; solúbtha; is féidir modhanna cócaireachta éagsúla a úsáid; ar fáil i bhfoirm phróiseáilte lasmuigh den séasúr; is féidir cócaireacht a dhéanamh air go tapa, sábhálann sé am agus breosla; srl.*

**(ii)** Tabhair breac-chuntas orthu seo a leanas:

- na treoirlínte atá le leanúint nuair atá iasc úr á cheannach agat

**3 threoirlíne @ 3 mharc** (grádaithe 3:2:0)

*Ceannaigh ó mhiondíoltóir atá glan agus sláinteach; déan an dáta dulta ó mhaith a sheiceáil i gcás iasc réamhphacáistithe; iasc a chuirtear os comhair an phobail ar oighear brúite; ba chóir go mbeadh an fheoil daingean agus leaisteach; ba cheart don chraiceann a bheith lonrach, tais, gan bhriseadh agus saor ó ramallae; ba cheart do scálaí a bheith greamaithe go dlúth le héisc agus gan a bheith ag imeacht/ag titim amach ina screamhóga; súile a bheith geal agus bolgshúileach; geolbhaigh a bheith gealdhearg/bándearg; ní ceart go mbeadh ballbhrú/dídhathú ar bith go follasach ar an bhfeoil; sliogéisc atá trom ó thaobh an mhéid de; sliogáin mhoilisc a bheith dúnta; crústaigh a bheith beo; boladh na farraige le sonrú; ceannaigh é i dtreo dheireadh an turais siopadóireachta; srl.*

- na slite a dtéann an chócaireacht i bhfeidhm ar an iasc. (18 marc)

**3 éifeacht @ 3 mharc** (grádaithe 3:2:0)

*Téachtann/cruann próitéin; athraíonn an dath ó thrédhearcach go teimhneach; scriostar roinnt vitimíní ghrúpa B; cailltear vitimíní agus mianraí eile sa leacht cócaireachta; scriostar baictéir agus seadáin; forbraíonn an blas de réir mar a scaoiltear ábhar úscach; athraíonn collaigin go geilitín, éiríonn iasc níos indíleáite; éiríonn sé righin agus mar a bheadh rubair ann má dhéantar róchócaireacht air; srl.*

**(iii)** Ainmnigh modh **amháin** le hiasc a phróiseáil chun fad a chur lena sheilfré agus tabhair buntáiste **amháin** agus míbhuntáiste **amháin** a bhaineann leis an modh atá ainmnithe agat. (12 mharc)

**1 mhodh amháin @ 4 mharc,** grádaithe (4:0)**, 1 bhuntáiste amháin @ 4 mharc, 1 mhíbhuntáiste amháin @ 4 mharc** (grádaithe 4:2:0)

**Reo:** ***Buntáistí:*** *is beag cothaithigh a chailltear; is modh caomhnaithe é atá simplí agus sábháilte; is féidir rudaí a cheannach ar an mórchóir má reoitear iad; srl.* ***Míbhuntáistí:*** *tá gá le pacáistiú; tá costas ag baint le reoiteoir a bheith ar siúl; srl.*
**Cannadóireacht:** ***Buntáistí***: *déanann sé cnámha bog, seilfré fhada leis; srl.* ***Míbhuntáistí:*** *caithfear salann a chur isteach; éiríonn an uigeacht bog; srl.* **Deatú:** ***Buntáistí:*** *bíonn blas deataithe sainiúil ag baint leis; slr.****Míbhuntáiste:*** *caithfear dathúcháin agus blasóirí a úsáid; srl.*

**agus**

**4. (b)** Baineann miondíoltóirí úsáid as teicnící éagsúla chun an méid a chaitheann tomhaltóirí a mhéadú.

**(i)** Tabhair sonraí **thrí** shlí ar féidir le miondíoltóirí tomhaltóirí a spreagadh chun earraí a cheannach. (15 marc)

**3 shlí @ 5 mharc an ceann** (grádaithe 5:3:0)

*Leagan amach an tsiopa, is féidir le méid dul i bhfeidhm ar dhaoine ó thaobh an mhéid ama a chaitheann siad sa siopa; suíomh na n-earraí i ranna sainithe; taispeántais a dhíríonn ar thomhaltóirí; téamh agus aeráil compordach; saigheada urláir chun treoir a thabhairt do thomhaltóirí dul thar an oiread táirgí agus is féidir; srl. Spreagthaigh laistigh, soilsiú; ceol sa chúlra; bolaithe breátha; srl. leagan amach na dtáirgí, na bunriachtanais ar chúl an tsiopa; táirgí milseáin/irisí; srl. gar do phointí seiceála amach; táirgí gaolmhara a chur le chéile e.g. pasta agus anlainn le chéile; torthaí, glasraí in aice leis an mbealach isteach; earraí troma in aice leis an mbealach isteach; srl. an áit a gcuirtear earraí ar an tseilf, earraí sómasacha ag leibhéal na súl; srl Praghsáil, meastar go bhfuil earraí ar phraghas €4.99 níos saoire ná €5; tairiscintí speisialta; srl. marsantú, samplaí in aisce; treoirearraí caillteanais; cártaí dílseachta; srl.*

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar an nós imeachta is cóir do thomhaltóir a leanúint nuair atá gearán á dhéanamh aige/aici faoi tháirge lochtach. (15 marc)

**5 phointe @ 3 mharc** (grádaithe 3:2:0)

*Tóg ar ais é chuig an miondíoltóir; an admháil a bhreith leat mar chruthúnas ceannaigh; gearán a dhéanamh go pras leis an soláthraí má tá locht ar an tseirbhís; labhair leis an mbainisteoir; breac-chuntas a thabhairt ar an ngearán; luaigh cad ba cheart a dhéanamh faoi na hearraí nó an tseirbhís lochtach; má tá an freagra míshásúil, ba cheart gearán a dhéanamh i scríbhinn; ba chóir go mbeadh cur síos ar na hearraí/seirbhís mar chuid den litir, chomh maith le cóip den admháil, cá háit agus cathain a ceannaíodh é, agus an cineál sásaimh atá á lorg; clárú leis an gCúirt um Éilimh Bheaga mura réitítear é; srl.*

**nó**

**4. (c)** Braitheann an rath a bhíonn ar eagar aonad an teaghlaigh ar dhea-scileanna bainistíochta.

**(i)** Pléigh conas a d'fhéadfadh na tosca seo a leanas tionchar a imirt ar bhainistíocht an tí:

- róil dhéacha **1 phointe @ 5 mharc** (grádaithe 5:3:0)
- céimeanna i saolré **1 phointe @ 5 mharc** (grádaithe 5:3:0)
- patrúin fostaíochta. **1 phointe @ 5 mharc** (grádaithe 5:3:0) (15 marc)

**Róil dhéacha:** *má oibríonn an bheirt tuismitheoirí lasmuigh den teach caithfidh an bheirt acu feidhmiú mar sholáthraí agus cúramaí tí; tá gá le córas bainistíochta difriúil; tá ról déach ag tuismitheoirí mar shaothróir agus cúramaí baile; ní mór do thuismitheoirí grá agus compord a sholáthar chomh maith le smacht a chur ar a gcuid leanaí; srl.*
**Céimeanna i saolré:** tá riachtanais éagsúla ag leanaí *níos óige agus ag leanaí níos sine, de réir mar a théann leanaí in aois is féidir leo cur le bainistíocht bhaile agus páirt a ghlacadh i gcinnteoireacht; bíonn airgead gann ag daoine scothaosta, caitheamh aimsire éagsúla a théann i bhfeidhm ar bhainistíocht; níos faide anonn sa saol seans nach mbeidh ach páirtí amháin ag obair agus beidh ioncam níos lú ag an lánúin dá bharr; srl.*
**Patrúin fostaíochta:** *líon na mball teaghlaigh ag obair, duine amháin ag obair an duine eile i mbun feighlíochta leanaí, nó iad araon ag obair agus leanaí i naíolann; cibé an bhfuil fostaíocht laistigh nó lasmuigh den teach, an cineál fostaíochta, uaireanta fostaíochta, roinnt poist, fleisc-am, is féidir cabhrú le cúram leanaí; srl.*

**(ii)** Déan cur síos ar **thrí** shlí ar chuir an teicneolaíocht le bainistíocht éifeachtach an tí. (15 mharc)

**3 shlí @ 5 mharc** (grádaithe 5:3:0)

*Laghdaítear an t-ualach oibre e.g. meaisíní níocháin; sábháiltear am e.g. próiseálaithe bia; tascanna a dhéantar ar bhonn níos éifeachtúla e.g. glantóir gaile; tugann teicneolaíocht slándála suaimhneas intinne; cuireann uathoibriú ar chumas fearais casadh air nó múchadh agus muintir an tí as baile; is féidir teacht níos éasca agus níos tapúla ar eolas a bhuí le teicneolaíocht cumarsáide; siamsaíocht e.g. consóil cluiche; srl. cócaireacht bhia e.g. iarta ionduchtúcháin; córais theasa de réir creasa; cabhraíonn leathanbhanda le bheith ag obair ón mbaile; aipeanna chun buiséadú a dhéanam; srl.*

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge*

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don scrúdú. Ba chóir freisin an marc bónais sin **a shlánú síos**.

## *Tábla 200 @ 10%*

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 200 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 10% gnáthráta an bhónais.

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás 150 marc agus faoina bhun sin. Os cionn an mharc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 151 - 153 | 14 |
| 154 - 156 | 13 |
| 157 - 160 | 12 |
| 161 - 163 | 11 |
| 164 - 166 | 10 |
| 167 - 170 | 9 |
| 171 - 173 | 8 |
| 174 - 176 | 7 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 177 - 180 | 6 |
| 181 - 183 | 5 |
| 184 - 186 | 4 |
| 187 - 190 | 3 |
| 191 - 193 | 2 |
| 194 - 196 | 1 |
| 197 - 200 | 0 |
| | |

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge*

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don scrúdú. Ba chóir freisin an marc bónais sin **a shlánú síos**.

## *Tábla 240 @ 10%*

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 240 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 10% gnáthráta an bhónais.

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás 180 marc agus faoina bhun sin. Os cionn an mharc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 181 - 183 | 17 |
| 184 - 186 | 16 |
| 187 - 190 | 15 |
| 191 - 193 | 14 |
| 194 - 196 | 13 |
| 197 - 200 | 12 |
| 201 - 203 | 11 |
| 204 - 206 | 10 |
| 207 - 210 | 9 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 211 - 213 | 8 |
| 214 - 216 | 7 |
| 217 - 220 | 6 |
| 221 - 223 | 5 |
| 224 - 226 | 4 |
| 227 - 230 | 3 |
| 231 - 233 | 2 |
| 234 - 236 | 1 |
| 237 - 240 | 0 |

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Eacnamaíocht Bhaile – Eolaíoch agus Sóisialta

# Obair Chúrsa sa Staidéar Bia

# Aistriúchán Ar Scéim Mharcála

*Agus na scéimeanna marcála á bhforbairt, ba chóir an méid seo a leanas a thabhairt faoi deara:*

- *In go leor cásanna ní thugtar ach príomhfhrásaí ina bhfuil faisnéis agus smaointe a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra chun na marcanna sannta a thuilleamh.*
- *Níl na tuairiscí, modhanna ná sainmhínithe a thugtar sa scéim uileghabhálach agus is féidir glacadh le freagraí malartacha bailí eile.*
- *Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh riachtanais agus leithdháileadh na marcanna a bheith difriúil ó bhliain go bliain.*
- *Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt. Caithfear faisnéis a chur i láthair faoi na cinnteidil cuí.*

**Tábla na nGrád**

| Grád | Bandaí |
|---|---|
| 1 | 144-160 |
| 2 | 128-143 |
| 3 | 112-127 |
| 4 | 96-111 |
| 5 | 80-95 |
| 6 | 64-79 |
| 7 | 48-63 |
| 8 | ≤ 47 |

# Critéir Ghinearálta Mharcála don Obair Chúrsa Phraiticiúil sa Staidéar Bia

| **Fiosrúchán: Anailís/Taighde** | **32 marc** |
|---|---|

**Taighde agus anailís** **(24 marc)**

***Banda A 19 - 24 marc*** (*an-mhaith - ar fheabhas*)
***Fiosrúchán***
- *ina bhfuil fianaise go ndearnadh* ***taiscéalaíocht chríochnúil*** *agus* ***anailís chuimsitheach*** *ar na saincheisteanna* ***go léir*** *agus ar na cúinsí a bhaineann go díreach le príomhriachtanais an taisc*
- *atá cruinn, bunaithe ar raon foinsí agus curtha i láthair go comhleanúnach*
- *ina mbaintear úsáid as fianaise ón thaighde mar bhonn leis na roghanna cuí nuair a bhíonn biachláir/miasa/táirgí á roghnú.*

***Banda B 13 - 18 marc*** (*an-ábalta - go maith*)
***Fiosrúchán***
- *ina bhfuil fianaise go ndearnadh* ***taiscéalaíocht*** *agus roinnt* ***anailíse*** *ar na saincheisteanna agus ar na cúinsí a bhaineann go ginearálta le príomhriachtanais an taisc*
- *atá cruinn, bunaithe ar raon foinsí agus curtha i láthair go comhleanúnach*
- *ina mbaintear úsáid as fianaise ón thaighde mar bhonn leis na roghanna cuí nuair a bhíonn biachláir/miasa/táirgí á roghnú.*

***Banda C 7 - 12 mharc*** (*bunúsach - ábalta*)
***Fiosrúchán***
- *ina bhfuil fianaise go ndearnadh* ***taiscéalaíocht*** *ar na saincheisteanna agus ar na cúinsí a bhaineann go ginearálta le príomhriachtanais an taisc*
- *atá réasúnta cruinn, bunaithe ar raon foinsí agus curtha i láthair go comhleanúnach*
- *ina baintear úsáid as fianaise ón taighde mar bhonn leis na roghanna nuair a bhíonn biachláir/miasa/táirgí á roghnú.*

***Banda D 0 - 6 mharc*** (*an-bhunúsach - teoranta*)
***Fiosrúchán***
- *ina bhfuil fianaise ar* ***thuiscint an-bhunúsach theoranta*** *ar phríomhriachtanais an taisc*
- *ina bhfuil cuid den eolas nó an t-iomlán de* ***éiginnte agus gan ach cuid de cruinn****, easpa comhleanúnachais sa chur i láthair*
- *ina mbaintear úsáid as fianaise ón taighde mar bhonn leis na roghanna nuair a bhíonn biachláir/miasa/táirgí á roghnú.*

**Gach Tasc:** *biachlár do lá áirithe/béilí 2 chúrsa/1 mhias/2 mhias/2 tháirge.* **(4 mharc)**

***Más rud é nach ndéantar fiosrúchán faoin mias a ullmhaítear*** *-1/-2/-4 mharc san fhiosrúchán.*
(biachlár: *cúrsa tosaigh/milseog = 1 mharc, príomhchúrsa = 1 mharc*)

*béilí/miasa/táirgí oiriúnacha agus aird á tabhairt ar chúinsí a aithníodh agus a ndearnadh anailís orthu san fhiosrúchán*

***Ní mór biachláir/príomhchúrsa/miasa a bheith cothromaithe*** *– glac le 3 cinn as 4 ghrúpa bia*

**Foinsí:** ***2 fhoinse @ 2 mharc*** (grádaithe 2:1:0) **(4 mharc)**

**Pleanáil agus Ullmhúchán** **8 marc**

**Acmhainní:**

- comhábhair (*2 mharc*), cainníochtaí (*2 mharc*), costáil (*2 mharc*), trealamh (*2 mharc*)
- Réimse Cleachtais E – táirge/táirgí (*2 mharc*), trealamh (*6 mharc*)

**Cur i bhFeidhm** **28 marc**

Breac-chuntas ar an modh oibre a leanadh ar a n-áirítear próisis ullmhaithe bia, am cócaireachta, teocht, riar/cur i láthair, blaiseadh/measúnú. **(16 mharc)**

(*Ba choir go mbeadh an t-eolas/an cuntas i bhfocail an iarrthóra féin*)

***Banda A 13 - 16 mharc*** (*an-mhaith - ar fheabhas*)

*Aithnítear **gach céim riachtanach** in ullmhúchán na méise, déantar achoimre orthu agus cuirtear i láthair iad i bhfocail an iarrthóra féin, san ord ceart agus tagairt cheart do phróiseas/phróisis ullmhaithe bia c(h)uí ar baineadh úsáid as/astu.*

***Banda B 9 - 12 mharc*** (*an-ábalta - go maith*)

*Aithnítear **formhór na gcéimeanna riachtanacha** in ullmhúchán na méise, déantar achoimre orthu agus cuirtear i láthair iad san ord ceart le tagairt cheart do phróiseas/phróisis ullmhaithe bia c(h)uí ar baineadh úsáid as/astu.*

***Banda C 5 - 8 marc*** (*bunúsach - ábalta*)

*Aithnítear **roinnt céimeanna riachtanacha** in ullmhúchán na méise, déantar achoimre orthu agus cuirtear i láthair iad san ord ceart le tagairt cheart do phróiseas/phróisis ullmhaithe bia c(h)uí ar baineadh úsáid as/astu.*

***Banda D 1 - 4 mharc*** (*an-bhunúsach - teoranta*)

*Ní aithnítear **aon cheann de na céimeanna riachtanacha** in ullmhúchán na méise, nó ní aithnítear ach **beagán díobh**, ní dhéantar achoimre orthu ná ní chuirtear i láthair iad san ord ceart le tagairt cheart do phróiseas/phróisis ullmhaithe bia c(h)uí ar baineadh úsáid as/astu.*

- **Na príomhchúinsí a cuireadh san áireamh** ***2 phointe @ 4 mharc*** **(grádaithe 4:2:0) (8 marc)** (caithfidh baint a bheith acu leis an mias/tástáil áirithe)
- ***Aithint*** (*2 mharc*) *agus* ***míniú soiléir ar thábhacht*** (*2 mharc*) ***dhá chúinse*** *a cuireadh san áireamh a raibh baint* ***chriticiúil acu leis an gcaoi ar éirigh leis an mias****.*

**Sábháilteacht/sláinteachas** ***2 phointe @ 2 mharc*** **(grádaithe 2:1:0)** **(4 mharc)**

(caithfidh baint a bheith acu le comhábhair áirithe atá in úsáid/leis an mias atá á cócaráil)

***Aithint*** (*1mharc*) *agus míniú* (*1 mharc*) *ar príomh-shaincheist sábháilteachta* ***amháin agus*** *an phríomh-shaincheist* ***amháin*** *a cuireadh san áireamh nuair a bhí an mhias á hullmhú agus á cócaráil/an tástáil á dhéanamh.*

**Measúnúchán** ***3 phointe @ 4 mharc*** **(12 mharc)**

An tasc a mheasúnú de réir na dtéarmaí seo a leanas: **(grádaithe 4:3:2:0)**

**Cur i bhfeidhm**

***Banda A - 4 mharc*** *- aithníodh agus rinneadh anailís ar láidreachtaí/dúshláin sainiúla nuair a bhí an tasc á dhéanamh, cosnaíodh mionathruithe go soiléir nuair a moladh iad, rinneadh anailís chriticiúil ar úsáid acmhainní/ar phleanáil.*

***Banda B - 3 mharc*** *- aithníodh láidreachtaí/dúshláin sainiúla nuair a bhí an tasc á dhéanamh, cosnaíodh méid áirithe na mionathruithe a moladh, rinneadh anailís theoranta ar úsáid acmhainní/ar phleanáil.*

***Banda C - 2 mharc*** *- rinneadh iarracht éigin láidreachtaí/dúshláin a aithint nuair a bhí an tasc á dhéanamh, níor cosnaíodh mionathruithe nuair a moladh iad, rinneadh tagairt d'úsáid acmhainní/do phleanáil.*

**Sainriachtanais** an taisc

***Banda A - 4 mharc*** *- tarraingítear conclúidí eolasacha i ndáil le príomhriachtanais an taisc.*

***Banda B - 3 mharc*** *- tarraingítear conclúidí teoranta i ndáil le príomhriachtanais an taisc.*

***Banda C - 2 mharc*** *- déantar achoimre ar thorthaí i ndáil leis an tasc*

**Tasc 1**

*Cuidíonn cothú maith le daoine aonair a bhfuil baint agus spéis acu i gcúrsaí spóirt an oiread cumhachta agus teacht aniar a bhaint amach chomh maith lena chinntiú go n-éiríonn go maith leo agus go mbíonn sláinte mhaith acu.* (*Institiúid Cothúcháin & Diaitéitice na hÉireann*)

Déan taighde agus mionléiriú ar na riachtanais chothaitheacha agus ar na treoirlínte i gcomhair pleanáil béilí is cóir a chur san áireamh nuair a bhíonn béilí á bpleanáil do dhaoine aonair a bhfuil baint acu le cúrsaí spóirt.

Agus na tosca seo á gcur san áireamh agat, mol réimse biachlár (dhá chúrsa) a bheadh oiriúnach mar phríomhbhéile an lae don ghrúpa daoine seo.

Ullmhaigh, cócaráil agus riar ceann amháin de na miasa príomhchúrsa a ndearna tú taighde orthu.

Déan an tasc a mheasúnú i dtaca **(a)** lena chur i bhfeidhm agus **(b)** le riachtanais shainiúla an taisc**.** 2022

**Príomhriachtanais an taisc:**

- *riachtanais chothaithe / chothaitheach do **dhaoine aonair a bhfuil baint acu le cúrsaí spóirt***
- *treoirlínte i gcomhair pleanáil béilí ag tagairt go sonrach do **dhaoine aonair a bhfuil baint acu le cúrsaí spóirt***
- *réimse biachlár* (*2x dhá chúrsa*) *a bheadh oiriúnach mar phríomhbhéile an lae*

**Fiosrúchán**

**Riachtanais chothaithe/chothaitheacha:** *cothromaíocht chothaitheach; treoirlínte reatha cothaitheach maidir le hiontógáil cothaitheach agus bia; riachtanais laethúla de mhicrea/mhacrachothaithigh agus riachtanais phróitéine/carbaihiodráite/saille/iarainn/cailciam mar is cuí do dhaoine aonair a bhfuil baint acu le cúrsaí spóirt; ciondáil mholta laethúil/iontógáil tagartha cothaitheach; idirghaolmhaireacht mhianraí agus vitimíní m.sh Vitimín C/ionsú iarainn; Vitimín D ionsú cailciam; grúpa Vitimín B le haghaidh scaoileadh fuinnimh; éagsúlachtaí i riachtanais fuinnimh a d'fhéadfadh a bheith i gceist; bianna carbaihiodráite GI íseal; cothromaíocht fuinnimh le taobh leibhéil ghníomhaíochta; carbaihiodráití neamhphróiseáilte; frithocsaídeoirí; úsáid as forlíonta béilí m.sh., deochanna, forlíonta bia; srl.*

**Treoirlínte pleanála do bhéilí:** *úsáid phirimide bia le cothromaíocht a chinntiú; pátrúin itheacháin rialta; iontógáil bia a chothromú le gníomhaíocht fhisiciúil; iontógáil calraí; éagsúlacht bianna; roghanna sláintiúla bia; modhanna sláintiúla cócaireachta; bianna saill sháithithe, salann agus siúcra a sheachaint; coinníollacha sonracha cothaithe; méideanna coda; seachain béilí a chailliúint; sneaiceanna folláine; bianna treisithe; cuireann bianna le GI íseal foinse leanúnach fuinnimh ar fáil agus bianna GI ard a thugann fuinneamh ar ais i ndiaidh an chleachtaidh; bianna orgánacha a úsáid; úsáid as púdar bainne le cailciam a threisiú; an méid próitéine agus calra; an t-uisce a chailltear le linn cleachtaidh a athchur; ceisteanna acmhainne; réamhphleanáil béilí; béilí ardspíosracha agus bianna aisteacha a sheachaint roimh thraenáil/cluichí srl.*

**Miasa roghnaithe**

- réimse biachlár dhá chúrsa (2) a bheadh oiriúnach mar phríomhbhéile an lae
- **2 bhiachlár x 2 mharc (1 mharc do gach cúrsa) (grádaithe 4:3:2:1:0)**
- ní mór riachtanais chothaithe a shásamh do dhaoine aonair a bhfuil baint acu le cúrsaí spóirt
- ní mór príomhchúrsa a bheith ann ón mbiachlár.

**Measúnúchán (a)** lena chur i bhfeidhm agus **(b)** le riachtanais shainiúla an taisc

*Anailís na dtátal maidir le riachtanais chothaithe/chothaitheach nuair a bhíonn béilí á bpleanáil do dhaoine a bhfuil baint acu le cúrsaí spóirt. Treoirlínte pleanála do bhéilí – réimse bianna/miasa oiriúnacha nuair a bhíonn béilí á bpleanáil do dhaoine a bhfuil baint acu le cúrsaí spóirt, conas mar a chomhlíonann an mhias roghnaithe na riachtanais mar a aithnítear iad san fhiosrúchán. srl.*

**Tasc 2**

| |
|---|
| *Meastar go bhfuil 300,000 duine in Éirinn a bhfuil Oistéapóróis orthu* (*Cumann Oistéapóróise na hÉireann*)<br>Déan taighde ar an oistéapóróis ó thaobh **(i)** na dtosca a mbíonn tionchar acu ar shláinte na gcnámh agus **(ii)** na gcomharthaí/siomptóm a bheadh i gceist dá mbeadh oistéapóróis ar dhuine.<br>Déan taighde agus mionléiriú ar na riachtanais chothaitheacha agus ar na tosca is cóir a chur san áireamh nuair a bhíonn béilí á bpleanáil agus á n-ullmhú do dhaoine atá buartha faoi shláinte a gcnámh.<br>Agus na tosca a d'aimsigh tú i do chuid taighde á gcur san áireamh agat, mol biachlár (trí bhéile) ar feadh lá amháin a bheadh oiriúnach don ghrúpa daoine seo.<br>Ullmhaigh, cócaráil agus riar an príomhchúrsa de phríomhbhéile an lae.<br>Déan an tasc a mheasúnú i dtaca **(a)** lena chur i bhfeidhm agus **(b)** le riachtanais shainiúla an taisc.<br>2022 |

**Príomhriachtanais an taisc:**

- na tosca a mbíonn tionchar acu ar shláinte na gcnámh
- na comharthaí/siomptóim a bheadh i gceist dá mbeadh oistéapóróis ar dhuine
- riachtanais chothaitheacha **do dhaoine atá buartha faoi shláinte a gcnámh.**
- *Treoracha do bhéilí a phleanáil do **dhaoine atá buartha faoi shláinte a gcnámh.***
- *biachlár (trí bhéile) ar feadh lá amháin*

***Fiosrúchán***

***Na tosca a mbíonn tionchar acu ar shláinte na gcnámh**: stair na clainne; cailciam, vitimín D, fosfar; hormóin normálta gnéis; meanapás a thosaíonn luath; calraí leordhóthain; cleachtadh glactha meáchain; caitheamh tobac; alcól; aiste bia neamhfholláin; aistí bia do chailliúint meáchain; neamhord itheacháin ar nós anoireicse agus búilime; ró-chaitheamh deochanna fiosaí; iontógáil ard caifé; éadulaingt/ailléirgí do tháirgí déirí; úsáid fadtéarma cógas; ró-chleachtadh; glacadh leis na tosca a théann i bhfeidhm ar ionsú cailciam, (foinsí de) aigéad fíteach, aigéad ocsalach; snáithín; tainnin ar féidir leo bac a chur ar ionsú cailciam; srl.*

***Comharthaí/siomptóim go bhféadfadh oistéapóróis a bheith ar dhuine:** cnámh a bhriseadh as cor coise nó as titim nuair a bhí duine ina sheasamh, nó níos lú; pian in uachtar an droma, i lár an droma nó in íochtar an droma, go mórmhór más pian eatramhach atá i gceist; cailliúint airde; athrú ar chuma an choirp; guaillí cruinne; dronn ar an gcorp uachtarach; cnámha briste gan míniú; cnámha sobhriste; srl.*

***Riachtanais chothaithe/chothaitheach:** cothromaíocht cothaithe; treoracha reatha cothaitheach maidir le hiontógáil cothaitheach agus bia; riachtanais laethúla de mhicrea/mhacrachothaithigh agus riachtanais phróitéine/carbaihiodráite/saille/iarainn/cailciam mar is cuí do dhaoine atá buartha faoi shláinte a gcnámh; liúntas laethúil a mholtar/iontógáil thagartha; idirghaolmhaireacht mhianraí agus vitimíní m.sh. vitamin C/ ionsú cailciam, vitimín D/ionsú cailciam; cailciam/fosfar; cothromaíocht fuinnimh le taobh leibhéil ghníomhaíochta.*

***Treoirlínte pleanála do bhéilí:** bain feidhm as an bpirimid bia chun cothromaíocht a chinntiú; iontógáil calraí; iontógáil bia a chothromú le gníomhaíocht fhisiciúil; éagsúlacht bianna; roghanna sláintiúla bia; próitéin le cabhrú le hionsú cailciam; modhanna sláintiúla cócaireachta; seachain bianna le saill ard, salann agus siúcra; gearr siar ar bhianna gasta; ith bianna orgánacha; coinníollacha sonracha cothaithe; méideanna coda; seachain béilí a chailleadh; sneaiceanna sláintiúla; bianna treisithe; seachain léagúim agus gránaigh a bhfuil aigéad fíteach agus/ nó aigéad ocsalach iontu; seachain deochanna caiféine; úsáid as ionadaigh bhainne treisithe le haghaidh veigeatóirí; bíodh foinsí saibhre de tháirgí déirí sa réim bhia; srl.*

**Miasa roghnaithe**

- réimse biachlár lá amháin – 3 bhéile **bricfeasta = 1 mharc, príomhbhéile = 2 mharc, lón/suipéar = 1 mharc (grádaithe 4:3:2:1:0)**
- ba chóir riachtanais chothaithe/chothaitheach a shásamh do dhaoine atá buartha faoi shláinte a gcnámh
- ba chóir príomhchúrsa a bheith ann ón mbiachlár

**Measúnúchán (a)** lena chur i bhfeidhm agus **(b)** le riachtanais shainiúla an taisc
*Anailís na dtátal maidir le* daoine atá buartha faoi shláinte a gcnámh. Treoirlínte pleanála do bhéilí – raon bianna /miasanna oiriúnach nuair a bhíonn béilí á bpleanáil do dhaoine atá buartha faoi shláinte a gcnámh, *conas mar a chomhlíonann an mhias roghnaithe na riachtanais mar a aithnítear iad san fhiosrúchán; srl.*

## Réimse Cleachtais B: Ullmhú Bia agus Próisis Chócaireachta

**Tasc 3**

*Is é atá i gceist le taosrán ná meascán de chomhábhair shimplí, agus ní mór an teicníc cheart a úsáid chun go n-éireoidh leat torthaí den scoth a bhaint amach.*
Déan taighde ar phuth-thaosrán garbh **nó** taosrán choux ó thaobh

- an chaoi a n-úsáidtear iad i miasa milse agus neamh-mhilse
- an modh maidir leis an taosrán roghnaithe a dhéanamh ina mbeidh na bunphrionsabail atá i gceist san áireamh.

Ullmhaigh, cócaráil agus riar mias amháin (ag baint úsáid as puth-thaosrán garbh nó taosrán choux de dhéantús bhaile) a ndearna tú taighde air.
Déan an tasc a mheasúnú i dtaca **(a)** lena chur i bhfeidhm agus **(b)** leis na buntáistí agus/nó na míbhuntáistí a bhaineann leis an taosrán a roghnaigh tú a dhéanamh. 2022

### Príomhriachtanais an taisc:

- an chaoi a n-úsáidtear iad i miasa milse agus neamh-mhilse
- an modh maidir le puth-thaosrán garbh nó taosrán choux a dhéanamh
- na bunphrionsabail atá i gceist chun puth-thaosrán garbh nó taosrán choux a dhéanamh
- an mhias roghnaithe milis nó neamhmhilis

**Fiosrúchán**
**Úsáid:** Bí ag súil le rogha de mhiasanna milis nó neamhmhilis le puth-thaosrán garbh **nó le** taosrán choux.
**Puth-thaosrán garbh: Modh agus bunphrionsabail**
*Criathraigh plúr agus salann isteach i mbabhla; gearr an tsaill ina ciúbanna thart ar 2 cm i méid, measc isteach sa phlúr gan í a chuimilt isteach; cuir isteach sú líomóide agus uisce chun taos sách righin a dhéanamh; cuir ar losaid phlúrtha go héadrom agus déan é a rolladh i stráice fada 30cm x 10cm; marcáil amach i dtrí chuid, fill suas an trian íochtarach agus fill síos an trian uachtarach thart air, ansin iompaigh an taos ar deis agus séalaigh na himill le crann fuinte; tosaigh ag rolladh trí bhrú séimh 3 nó 4 huaire thar lár an taosráin leathfhada, ansin rollaigh i stráice arís é agus fill é ceithre huaire eile; fuaraigh é sa chuisneoir ar feadh 30 nóiméad sula n-úsáidtear é; rollaigh é agus múnlaigh é don mhias atá á déanamh agat; taisrigh an stán bácála; bácáil in oigheann te, laghdaigh tar éis 10 nóiméad; srl.*
***Bunphrionsabail*** *úsáid plúr láidir le hardghlútan; úsáid sú líomóide chun cabhrú leis an glútan a bhogadh; déantar an **t-aer** a cheansú le linn criathraithe, rolladh agus filleadh, scaoiltear é le linn téite agus is é is cúis le héirí an taosráin; iompaíonn uisce san im go **gal** agus cuireann sé bolgáin mhóra gaile ar fáil a bhrúnn na sraitheanna taosráin óna chéile; bácáil in **oigheann te**; déanann an teas geilitíniú ar an stáirse; iompaíonn an stáirse go deistrin agus déantar crústa ar an taosrán; srl.*
**Taosrán choux: Modh agus Bunphrionsabail**
*Criathraigh plúr ar phláta nó ar scragall cistine; cuir uisce agus saill sa sáspan, téamh go réidh go mbíonn an tsaill leáite agus tóg go bruith é; bain den teas é agus cuir an plúr isteach sa leacht te ag an am céanna; buail go mion go mbíonn an meascán mín agus go dtagann cruth liathróide air; lig dó fuaradh; buail isteach na huibheacha, bordspúnóg as a chéile, buail go maith i ndiaidh gach bordspúnóg go dtí go mbeidh an meascán tiubh agus snasta; cuir isteach go leor uibheacha chun leanúnachas maisithe a bhaint amach; cuir isteach i mála réóin agus lig dó seasamh; píobaigh nó cuir i gcruth le spúnóg ar thráidire bácála fliuchta; bácáil ag 220$^0$C; gearr chun gal a ligint amach, fuaraigh ar thráidire sreinge; srl.*
***Bunphrionsabail***
*Criathrú **aeir**, déantar bolgáin bheaga as a ndéantar bolgáin mhóra as aer a bhualadh, nuair a théitear é leathnaíonn agus éiríonn an meascán; ligeann an glútan sa phlúr láidir don taos éirí agus treisíonn sé an taos; déanann sú líomóide an glútan a bhogadh agus tugann sé níos mó leaisteachais; cuirtear isteach plúr go tapa sa leacht te a ionsúnn an plúr go tapa agus a dhéanann an meascán tiubh trí geilitíniú; bácáil in **oigheann te,** athraíonn an stáirse sa phlúr go deistriní agus is cúis le donnadh é; cruthaíonn an **ghal** ón im téite agus ón uisce bolgáin ghaile agus is cúis iad le héirí an mheascáin sa teas; téachtann an phróitéin sna huibheacha chun an meascán a tháthú;*
**Mias roghnaithe –** taighde déanta ar mhias mhilis nó neamhmhilis a rinneadh as puth - thaosrán garbh **nó** taosrán choux
**Mias - 1 @ 4 mharc (glactar le mias mhilis nó neamhmhilis anseo) (grádaithe 4:2:0)**

**Measúnúchán (a)** le cur i bhfeidhm na méise taosráin roghnaithe (**b)** na buntáistí agus / nó na míbhuntáistí a bhaineann leis an gcineál seo taosráin a dhéanamh.

**Tasc 4**

| |
|---|
| *Tá táirgí ceardaí tar éis fás go tapa ina sainmhargadh in earnáil fhiontar an bhia mar thoradh ar thomhaltóirí géarchúiseacha ag lorg táirgí ar ardchaighdeán.*<br>Déan taighde ar na cineálacha brioscaí (cookies) a bhfuil tóir ag tomhaltóirí orthu faoi láthair.<br>Déan fiosrú ar dhá mhodh maidir le brioscaí a dhéanamh sa bhaile.<br>Mínigh na bunphrionsabail atá i gceist i ngach cás.<br>Ullmhaigh agus bácáil cineál amháin briosca ag baint úsáid as ceann amháin de na modhanna a d'fhiosraigh tú.<br>Déan cur síos ar an bpacáistiú a mholfá don táirge agus cuir san áireamh an táirge a choinneáil sláinteach agus é a chur i láthair ar bhealach tarraingteach.<br>Déan an tasc a mheasúnú i dtaca **(a)** lena chur i bhfeidhm **(b)** cé chomh praiticiúil agus atá sé brioscaí a dhéanamh sa bhaile agus **(c)** leis an gcostas i gcomparáid le táirge tráchtála den chineál céanna. 2022 |

**Príomhriachtanais an taisc:**

- *déan taighde ar na cineálacha brioscaí (cookies) a bhfuil tóir ag tomhaltóirí orthu faoi láthair.*
- *déan fiosrú ar dhá mhodh maidir le brioscaí a dhéanamh sa bhaile.*
- *na bunphrionsabail atá i gceist i ngach cás.*
- *an pacáistiú a mholtar don táirge.*

**Fiosrúchán**

**Cineálacha brioscaí (cookies) a bhfuil tóir orthu faoi láthair:**
*brandaí éagsúla; cineálacha éagsúla; éagsúlachtaí ar na bunchineálacha; brioscaí le comhábhair neamhghnácha agus le meascáin shuimiúla comhábhar srl.*

**Modhanna agus bunphrionsabail - brioscaí déanta sa bhaile**

***Cuimilt isteach:*** *saill gearrtha ina píosaí beaga agus cuimilte isteach sa phlúr; meascán ardaithe thar an mbabhla chun cuidiú leis an* ***aer*** *a ionchorprú; is cóir go mbeadh cuma bruscar aráin mín ar an meascán; úsáidtear gránphlúr chun uigeacht bhriosc a dhéanamh; fuintear an meascán go mbíonn sé séimh; rollta go tanaí agus bácáilte go tapa le bheith criospa agus briosc; téachtann teas an oighinn an glútan/meascán; scaoiltear* ***an t-aer*** *leis an* ***téamh****; caramalaíonn an siúcra leis an téamh; meascann an phróitéin agus na siúcraí chun an briosca a dhonnadh trí imoibriú maillard; srl.*

***Ag uachtarú:*** *buailtear/uachtaraítear saill agus siúcra le chéile go mbíonn an meascán ar dhath éadrom, le huigeacht bholgach, toirt mhéadaithe agus siúcra tuaslagtha; bíonn na bolgáin bheaga* ***aeir*** *a tháirgtear cobhsaithe leis an siúcra; tugtar níos mó aeir isteach trí na huibheacha a bhualadh isteach sa mheascán de saill agus siúcra; cuirtear isteach uibheacha ar luas íseal chun gruthú a sheachaint; cuirtear plúr criathraithe isteach chun tuilleadh aeir a thabhairt dó; ardaíonn an meascán nuair a scaoiltear na bolgáin aeir as* ***teas*** *an oighinn, tagann an ghal ó na comhábhair leachtacha agus ó* ***$CO_2$*** *de bharr úsáid oibreán ardaithe; teas an oighinn a théachtann an meascán; ligeann an taise don phlúr hiodráitiú agus pléascann na gráinní stáirse nuair a théitear iad agus ionsúnn siad an taise chun geilitíniú; coimeádann an stáirse cócaráilte na brioscaí le chéile ; téachtann teas an oighinn an glútan/meascán srl.*

***Aonphíosa:*** *buailtear na comhábhair ar fad le chéile; bain úsáid as saill bhog chun* ***aer*** *a ionchorprú go héasca; le linn bhácála imoibríonn an t-oibreán ardaithe leis an leacht ón ubh chun* ***$CO_2$*** *agus gal a tháirgeadh agus ardaíonn na brioscaí dá bharr; téachtann teas an oighinn an meascán/glútan; srl.*

***Bualadh:*** *buailtear na huibheacha agus siúcra le chéile: déantar* ***aer*** *a ionchorprú sa mheascán; filltear plúr isteach go cúramach; scoiltear an gás ó* ***theas*** *an oighinn, ardaíonn an meascán téachta; téachtann teas an oighinn an meascán/glútan; srl.*

**Leá*:*** *téitear saill, siúcra agus leacht (triacla, mil) go réidh; fuaraithe agus curtha leis na comhábhair tirim (plúr, oibreán ardaithe); buailte le chéile leis an ubh; púdar bácála/sóid aráin curtha leis, nuair a thaisítear iad táirgtear* ***$CO_2$*** *ar chúis é le hardú an mheascáin nuair a théitear é; téachtann* ***teas*** *an oighinn an meascán/glútan; bíonn siúcra agus próitéin téite agus donn mar gheall ar an imoibriú maillard; srl.*

**Pacáistiú oiriúnach:** *boscaí maisiúla; stáin aerdhíonacha; prócaí gloine; málaí bronntanais; coimeádáin phlaisteacha; fillteog pholaitéin; lipéid mhaisiúla nó féinghreamaitheach; srl.*

***mura ndéantar aon phacáistiú a fhiosrú – 3 mharc***

**Miasa roghnaithe –** *ainmnigh briosca – modh fiosruithe sa taighde* **(grádaithe 4:2:0)**

**Measúnúchán (a)** le cur i bhfeidhm na mbrioscaí roghnaithe (**b)** Infheidhmitheacht a bhaineann le brioscaí baile – *ceisteanna acmhainne .i. am, scileanna, trealamh, pacáistiú, stóráil* **(c)** comparáid idir costas an táirge bhaile agus táirge tráchtála den saghas céanna; srl.

**Réimse Cleachtais E: Anailís Chomparáideach agus Anailís Chéadfach san áireamh.**

**Tasc 5**

*Is é atá i gceist leis an gCáin ar Dheochanna Siúcra Milsithe ná beartas le tomhaltóirí a spreagadh chun deochanna níos sláintiúla a roghnú agus ag an am céanna an tionscal a spreagadh leis an méid siúcra sa bhreis atá curtha isteach a laghdú.*

Déan taighde ar raon na ndeochanna lena mbaineann an *Cháin ar Dheochanna Siúcra Milsithe*.
Déan taighde ar dheochanna boga a bhfuil rogha le gnáth-leibhéal siúcra iontu **agus** le leibhéal íseal siúcra/gan aon siúcra iontu. Luaigh an méid siúcra i ngach ceann de na roghanna de dheochanna boga.
Roghnaigh deoch bog tráchtála ina bhfuil gnáthrogha agus rogha nach bhfuil mórán siúcra/ gan aon siúcra i gceist.
Déan tástáil Dó-Trí chun a fháil amach an féidir le tástálaithe an dá tháirge a aithint ó chéile. Cuir i láthair na torthaí a fuair tú ón tástáil.
Déan an tasc a mheasúnú i dtaca **(a)** lena chur i bhfeidhm agus **(b)** le na torthaí a fuarthas ar an tástáil. 2022

**Príomhriachtanais an taisc:**

- déan taighde ar raon na ndeochanna lena mbaineann an ***Cháin ar Dheochanna Siúcra Milsithe*.** (gnáth-leibhéal siúcra iontu **agus** le leibhéal íseal siúcra/gan aon siúcra iontu)
- **Tástáil Dó-Trí**- cur síos, aidhm agus na torthaí a d'fhéadfadh a bheith ann
  - coinníollacha le smachtú le linn tástála -ní mór dóibh a bheith anailísithe agus bainteach leis an triail
- roghnaigh deoch bog tráchtála **amháin** de do rogha féin

**Fiosrúchán** **(24 marc)**
déan taighde/fiosrúchán ar dheochanna cuí don tasc .i. deochanna boga a bhfuil rogha le gnáth-leibhéal siúcra iontu **agus** le leibhéal íseal siúcra/gan aon siúcra iontu. (méid siúcra i ngach rogha)

*Baineann an cháin le deochanna a bhfuil siúcra iontu agus a bhfuil méid iomlán siúcra de 5 ghram nó níos mó sa 100 ml .i. uiscí faoi bhlaistiú; deochanna carbónáitithe; deochanna fuinnimh agus spóirt; deochanna súbhunaithe; deochanna a bhfuil saill bhainne iontu le níos lú ná 119mg cailciam in aghaidh 100 ml; soighe, gránach, deochanna síolbhunaithe nó cnóbhunaithe le níos lú ná 119mg cailciam sa 100ml; deochanna neamh-mheisciúla; srl.*

- **Tástáil Dó-Trí**

***Cur síos:*** *tugtar trí shampla don tástálaí; dhá shampla códaithe agus ceann amháin a ainmnítear mar thagairt; iarrtar ar an tástálaí an sampla atá éagsúil ón tagairt a ainmniú; srl.*
***Aidhm na tástála:*** *aimsiú an bhfuil difríochtaí inbhraite sa bhlas idir an gnáth deoch bog agus an leibhéal íseal siúcra / gan aon siúcra comhroghnach; srl.*
***Toradh:*** *socraítear ar líon na dtástálaithe ar féidir leo sampla a ainmniú atá éagsúil ón smacht / tagairt; cé mhéid tástálaithe ar féidir leo éagsúlacht a aimsiú idir an dá leagan den deoch bog roghnaithe .i. gnáth deoch agus* gnáth-leibhéal siúcra agus leibhéal íseal siúcra/gan aon siúcra; srl.

**Na coinníollacha le smachtú le linn tástála a ainmniú**
*Coinníollacha sainiúil don tasc m.sh. méid, cuma agus dath na gcoimeádán a úsáideadh don tástáil; teocht na samplaí; cainníochtaí céanna i ngach sampla; códú na samplaí; ordú randamach an láithrithe; amú; áit a dtarlaíonn an tástáil; ceisteanna cothaithe. srl.*

**Mias / táirge roghnaithe agus critéir rogha**
***Táirgí roghnaithe –*** *deoch bog roghnaithe le gnáth leibhéal siúcra agus leibhéal íseal siúcra / gan aon siúcra*

**(2 tháirge @ 2 mharc) ( grádaithe 2:1:0) 4 mharc**
**Foinsí Eolais: 2 @ 2 mharc ( grádaithe 2:1:0) 4 mharc**

**Ullmhúchán agus Pleanáil**
- **Acmhainní = (2 mharc ) (grádaithe 2:1:0)**

**8 marc**
- **Príomhthrealamh a theastaíonn chun an tasc a dhéanamh** (**6 mharc) (grádaithe 6:5:4:3:2:1:0)**

**Tástáil Dó – Trí:** Bunaithe ar 6 thástálaí: 6 thráidire le cóid *R □ ◊; 6 ghloine uisce; 18 coimeádáin chódaithe ; 12 sampla de ghnáth deoch bog ; 6 shampla de dheoch bog* le leibhéal íseal siúcra/gan aon siúcra; *6 scórchárta; 1 bhileog thaifid ; 6 pheann; srl.*

**Cur i bhFeidhm 16 marc**
**An modh oibre a leantar agus an ghné seo den tasc á déanamh:**
*Is cóir seicheamh iomlán den chur i bhfeidhm a thabhairt agus is cóir torthaí a chur I láthair don tástáil*

**Tástáil Dó-Trí:** (bunaithe ar 6 thástálaí) *sraith de 6 thráidire uimhrithe 1 – 6; códaithe mar an gcéanna R, □ ◊ ; doirt samplaí den táirge i gcupáin pháipéir;* ***R= deoch iomlán siúcra x 6 A= deoch iomlán siúcra x 6 B= deoch le siúcra íseal x 6****; lipéadaigh scórchártaí 1- 6 agus bileog thaifid ; eagraigh 6 thráidire agus úsáid á baint as ordú láithrithe cothroime; déan an tástáil Dó-Trí; bailigh scórchártaí; aistrigh torthaí go dtí an bhileog thaifid; taispeáin na cóid; cuir na torthaí i láthair agus measúnaigh iad; glan suas agus nigh na gréithe srl.*
*Deoch le gnáth leibhéal siúcra a bheidh ina thagairt R/smacht; códú ar gach tráidire le bheith mar an gcéanna m.sh. siombailí R □ ◊; na deochanna a bheidh éagsúil ar gach tráidire -- an t-ordú láithrithe thíos sna deochanna in □ agus ◊ a athróidh;*

| Tráidire | AAB |
|---|---|
| 1 | R □ ◊ |

| Tráidire | ABA |
|---|---|
| 2 | R □ ◊ |

| Tráidire | AAB |
|---|---|
| 3 | R □ ◊ |

| Tráidire | ABA |
|---|---|
| 4 | R □ ◊ |

| Tráidire | AAB |
|---|---|
| 5 | R □ ◊ |

| Tráidire | ABA |
|---|---|
| 6 | R □ ◊ |

*3 chupán páipéir ar gach tráidire; cupán páipéir amháin lipéadaithe le siombail R; cupán páipéir amháin le siombail □; cupán páipéir amháin le siombail l ◊;iarrtar ar thástálaithe tosú ón gclé agus sampla R a bhlaiseadh le 2 shampla códaithe ina dhiaidh san ord a tugadh; is cóir dóibh ciorcal a chur ar an sampla atá éagsúil ó R; bailíonn an taifeadóir na scórchártaí agus aistrítear na torthaí don bhileog taifeadta ullmhaithe; nuair a thaifeadtar torthaí cuirtear ciorcal thar an litir a fhreagraíonn don siombail roghnaithe ar gach scórchárta agus cuirtear tic sa cholún cuí; déantar na freagraí cearta a chomhaireamh, taispeántar na cóid ; cuirtear torthaí i láthair- ar bharrachairt nó ar phíchairt; torthaí measúnaithe srl; Taispeánann an bhileog taifeadta gur deoch le gnáth leibhéal siúcra = Deoch A, gur deoch le leibhéal íseal siúcra = Deoch B agus gur leanadh an t-ord do gach tráidire a taispeánadh thuas freisin.*

- **Príomhthosca le toradh an tástála a dheimhniú (2 @ 4 mharc an ceann) (grádaithe 4:2:0)8 marc**

*Caithfidh príomhthosca tagairt don tástáil a rinneadh agus féadann coinníollacha* ***smachta*** *le linn tástála a chur san áireamh; códú; méideanna céanna agus dóthanacha; gloine uisce/ nó craicear tirim ann d'fhonn an carball a ghlanadh; tábhacht ciúnais le linn tástála; ordú láithrithe randamach; cóid neamhchlaonta; eagrú á dhéanamh ag daoine éagsúla; tástálaithe as láthair agus eagrú ar siúl; srl.*

- **Sábháilteacht agus Sláinteachas**

**Sábháilteacht: 1 phointe @ 2 mharc (grádaithe 2:1:0) Sláinteachas : 1 phointe @ 2 mharc (grádaithe 2:1:0) 4 mharc**

***Sábháilteacht**: tástálaithe le hailléirgí – deochanna boga le breiseáin / uimhreacha e; diaibéitigh; srl. Cleachtas maith **Sláinteachais** maidir le: láthair tástála/ullmhúcháin; láimhseáil samplaí; cupáin aon uaire; srl.*

**Measúnúchán (3 phointe @ 4 mharc) (grádaithe 4:3:2:0) 12 marc**

- **Cur i bhFeidhm**

*Déan measúnú ar chur i bhfeidhm na tástála le tagairt do na príomhthosca d'fhonn a rath a chinntiú; fadhbanna a tharla agus réitigh a moladh; srl.*

- **Sainriachtanais an taisc**

*Is cóir torthaí a mheasúnú agus conclúidí a tharraing; glac le hanailís na bhfachtóirí a d'fhéadfadh cur leis na torthaí tástála a bhfuarthas .i. cén fáth go bhféadfadh / nach bhféadfadh tástálaithe an sampla a bhí éagsúil a aithint; srl.*

## ***Aguisín 1*** Treoracha Ginearálta do scrúdaitheoirí maidir le bronnadh marcanna

1. Riachtanais an scrúdaithe: Tá sé de cheangal ar iarrthóirí taifead ar aon ***ceithre*** thasc a chur i gcrích agus a chur i láthair lena scrúdú. **2 thasc i gcomhair 2022 de bharr ceartuithe.**

2. Caithfidh gníomhaíochtaí praiticiúla éagsúla a bheith i ngach tasc sa Staidéar Bia. ***Má dhéanann iarrthóir gníomhaíocht phraiticiúil in athuair don dara tasc***, marcálfaidh an scrúdaitheoir an ghníomhaíocht phraiticiúil athdhéanta mar a chuirtear i láthair í agus dícheadóidh sé/sí na marcanna a bhronntar as an ngníomhaíocht phraiticiúil athdhéanta is ísle marc.

3. ***Má chríochnaíonn iarrthóir an fiosrúchán agus/nó an t-ullmhúchán agus an phleanáil agus/nó gnéithe an mheasúnaithe de thasc ach mura gcríochnaíonn sé/sí an cur i bhfeidhm,*** marcálfaidh an scrúdaitheoir na gnéithe críochnaithe den tasc mar a chuirtear i láthair iad. Dícheadófar na marcanna as ***measúnú an chur i bhfeidhm***, áfach, áit a dtugtar faoi sin. Maidir leis na Tascanna 3, 4 agus 5, dícheadófar ***measúnú ar shainriachtanais*** freisin.

4. ***Má chríochnaíonn iarrthóir an t-ullmhúchán agus an phleanáil agus/nó an cur i bhfeidhm agus/nó gnéithe an mheasúnaithe de thasc ach mura gcríochnaíonn sé/sí an fiosrúchán***, marcálfaidh an scrúdaitheoir na gnéithe críochnaithe den tasc mar a chuirtear i láthair iad. Dícheadófar marcanna as ***measúnú ar shainriachtanais an taisc***, áfach, áit a dtugtar faoi sin.

5. ***Mura sainítear an mhias/táirge a ullmhaíodh san fhiosrúchán***, ach má chomhlíonann sé riachtanais an taisc, bain an marc ábhartha a bhronntar (-1/-2/-4) faoi bhéilí/miasa/táirgí san fhiosrúchán.

6. Mura léiríonn an mhias roghnaithe ach ***beagán scileanna próiseála*** – marcáil *pro-rata*.

7. ***Mura bhfuil an mhias roghnaithe ag teacht go hiomlán*** leis na riachtanais, e.g.
   - mias ***gan chócaráil*** roghnaithe nuair a sonraíodh mias chócaráilte - Tasc 1,2,3,4
   - mias ***nach bhfuil oiriúnach do riachtanais an taisc*** – *Tasc 1 agus 2*
   - ***an modh a fiosraíodh gan a bheith in úsáid agus an mhias roghnaithe á déanamh*** – *Tasc 3 agus 4*
   - mias roghnaithe ina mbaintear ***ró-úsáid as bianna áise***

   ***Bain 8 marc ón marc iomlán a bronnadh as an tasc agus cuir isteach míniúchán mar a léirítear thuas.***

8. ***Mias nach gcomhlíonann riachtanais an taisc,*** e.g. milseog a ullmhaíodh in áit príomhchúrsa; ní bhronnfar marc ar bith.

   **N.B.** *Caithfidh scrúdaitheoirí dul i gcomhairle le scrúdaitheoirí comhairleacha agus suíomh ar leith á chur i bhfeidhm acu.*